


Príomhdhualgais agus  
Príomhchumhachtaí

# Cuideachtaí

Faoi Acht na gCuideachtaí



Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement





Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí

# Cuideachtaí

Faoi Acht na gCuideachtaí



## Ráiteas faoi Chóipcheart agus Séanadh

---

Is leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach cóipcheart ábhar an doiciméid seo. Is féidir iomlán an fhoilseacháin nó cuid den fhoilseachán a atáirgeadh gan cead breise chuige sin ach foinse an ábhair a lua agus a admháil

Níor chóir go gceapfaí gur ionann aon ní dá bhfuil anseo agus léiriú de chuid an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, nó thar ceann an Stiúrthóra, ar thuiscint ná léirmhíniú an Stiúrthóra maidir le haon cheann d'fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014 (arna leasú) nó ar léirmhíniú maidir le haon dlí ar bith.

Ba chóir comhairle dlí neamhspleách a lorg maidir le héifeachtaí aon fhoráil faoin dlí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach freagracht ná dliteanas ar bith, cibé slí ina dtarlaíonn, i ngeall ar ábhar an fhoilseacháin seo ná ar earráid, míchruinneas nó easnamh in ábhar an doiciméid seo. Forchoimeádann an Stiúrthóir de cheart caingean cúirte a thionscnamh a d'fhéadfadh a bheith de réir fhorálacha an doiciméid seo nó neamhréireach leo

**An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach**  
**18 Meán Fómhair 2018**

<b>1.0</b>	<b>Réamhrá</b>	<b>5</b>
<b>2.0</b>	<b>Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Cuideachtaí</b>	<b>6</b>
2.1	Cad is Cuideachta ann	6
2.2	Cineálacha Cuideachtaí	6
2.3	Cuideachtaí faoi Dhliteanas Teoranta & faoi Dhliteanas Neamhtheoranta	6
2.4	Cuideachtaí Príobháideacha agus Cuideachtaí Poiblí	6
2.5	Cineálacha Cuideachtaí	7
2.5.1	Cuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna (TEO)	7
2.5.2	Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (CGA)	8
2.5.3	Cuideachta Phríobháideach Neamhtheoranta (CNT)	8
2.5.4	Cuideachta Phoiblí Theoranta (CPT)	8
2.5.5	Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta (CPN agus CPNT)	9
2.5.6	Cuideachta Ráthaíochta (CTR)	9
2.5.7	Cuideachta Sheachtrach	9
2.6	Cuideachta a Chorprú agus a Chlárú	10
2.7	Bunrecht Cuideachta	10
2.7.1	Meabhrán Comhlachais	11
2.7.2	Airteagail Comhlachais	11
2.8	Stiúrthóirí na Cuideachta	11
2.9	Rúnaí na Cuideachta	12
2.10	Dualgais Cuideachta	12
2.10.1	Dualgas Taifid Cuntasaíochta Leordhóthanacha a Choimeád	12
2.10.2	Dualgas Ráitis Airgeadais Bhliantúla a Ullmhú	13
2.10.3	Dualgas Ráitis Airgeadais Reachtúla a chur á nIníúchadh	14
2.10.4	Dualgas ar Chuideachtaí Móra Faisnéis Neamh-Airgeadais a Dhíspreagadh	16
2.10.5	Dualgas Cláir Áirthe agus Doiciméid eile a Choimeád	16
2.10.6	Dualgas Doiciméid Áirithe a Chomhadú le Cláraitheoir na gCuideachtaí	19
2.10.7	Dualgas Cruinnithe Ginearálta na Cuideachta a Thionól	20
	<ul style="list-style-type: none"><li>An Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB)</li><li>Cruinnithe Ginearálta Urghnácha (CGU)</li></ul>	
2.10.8	Dualgas Coiste Iniúchta a chur ar bun	21
2.11	Cumhachtaí Cuideachtaí	21





<b>3.0</b>	<b>Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí</b>	<b>22</b>
3.1	Pionóis maidir le Cionta Coiriúla	22
	Pionóis arna bhforchur ag Cúirt	22
3.2	Pionóis Shibhialta	23
	• Dícháiliúchán	23
	• Dícháiliúchán sa Ghnáthchúrsa	23
	• Gealltanais Dícháiliúcháin	24
	• Srianadh	24
	• Gealltanais maidir le Srianadh	24
	• Cuideachta a bhaint den chlár	25
<b>Aguisín A</b>	<b>An Tuairisceán Bliantúil (Foirm B1)</b>	<b>26</b>
	Réamhrá	26
	Eolas is gá a thabhairt sa Tuairisceán Bliantúil	27
	Doiciméid atá le ceangal leis an Tuairisceán Bliantúil	28
	Díolúintí ó Chomhadú ag Cuideachtaí Sonrach	28
	Leasú Deonach ar Ráitis Airgeadais Reachtúla atá Lochtach	30
<b>Aguisín B</b>	<b>Léiriú ar Chineál agus ar Ábhar Mhiontuairiscí Chruinnithe Ginearálta</b>	<b>31</b>
	Cruinnithe Ginearálta de chuid an Cuideachta	31
	Cruinnithe Boird/Cruinnithe Fhochoistí an Bhoird	32
<b>Aguisín C</b>	<b>Treoir Maidir le Taifid Cuntasaíochta atá le coimeád ag Cuideachtaí</b>	<b>33</b>
	Córais Cuntasaíochta	33
	Córas don Rialachas Inmheánach	35
	Comhairle Cúraim	36



## 1.0 Réamhrá

Tugadh roinnt de na hathruithe is suntasaí ar dhlí na gcuideachtaí le leathchéad bliain anuas isteach le hAcht na gCuideachtaí 2014. Cruthaíodh cineálacha nua cuideachtaí faoin Acht chomh maith le hathruithe éagsúla a thabhairt isteach maidir leis na rólanna atá ag páirtithe éagsúla faoi dhlí na gcuideachtaí.

D'fhonn a leagtar de shainchúram ar Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a thabhairt i gcrích, comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a chothú, eisiúnn an Oifig sraith de Leabhráin Eolais ina leagtar amach na príomhrólanna agus na príomhfhreagrachtaí a ghabhann le páirtithe mórtábhachtacha faoi dhlí na gcuideachtaí. Déantar sin chun cuidiú le daoine nach den lucht gairme iad ar mian leo eolas níos fearr a bheith acu ar na cearta atá acu agus ar na dualgais atá orthu faoin dlí.

Rinneadh na Leabhráin Eolais a eisiúint den chéad uair i mí na Samhna 2001. Leis an eagrán reatha seo, tá ceithre athscríobh suntasach tugtha ar ábhar na leabhrán ó thráth a bhfoilsithe den chéad uair. Is é an dlí tar éis Acht na gCuideachtaí 2014 (arna leasú) a rith atá faoi chaibidil san eagrán reatha. Tá leabhráin ar fáil ar na hábhair seo a leanas:

### **Leabhrán Eolais 1 – An Chuideachta**

### **Leabhrán Eolais 2 – An Stiúrthóir Cuideachta**

### **Leabhrán Eolais 3 – An Rúnaí Cuideachta**

### **Leabhrán Eolais 4 – Comhaltaí agus Scairsealbhóirí**

### **Leabhrán Eolais 5 – An tIníúchóir**

### **Leabhrán Eolais 6 – An Creidiúnaí**

### **Leabhrán Eolais 7 – An Leachtaitheoir, an Glacadóir agus an Scrúdaitheoir**

Chomh maith leis an eolas faoi na dualgais agus na cumhachtaí a bhaineann le hábhar, tugtar eolas i ngach leabhrán faoi na pionóis a ghabhann le mainneachtain déanamh de réir Acht na gCuideachtaí.

Rinneadh gach leabhar a ullmhú le húsáid ag daoine nach den lucht gairme iad d'fhonn na príomhfhorálacha a bhaineann le dlí na gcuideachtaí a bheith níos sothuigte.

Measann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach gur den tábhacht go mbeadh daoine a mbíonn tairbhe agus leas acu as corprú ar an eolas chomh maith céanna faoi na dualgais agus na freagrachtaí a ghabhann leis. Tá na Leabhráin Eolais seo leagtha amach d'fhonn cur leis an eolas atá ag daoine ar na dualgais agus na freagrachtaí sin.

Is mian leis an Stiúrthóir go dtuigfí go soiléir nach léiriú dlíthiúil ar na forálacha ábhartha atá sa treoir seo. Is den tábhacht go dtabharfaí chun aire gur cheart don léitheoir atá éiginnte faoi oibleagáid nó dualgas faoin dlí comhairle neamhspleách a iarraidh ó dhuine den lucht gairme i réimse an dlí nó na cuntasáochta de réir mar is cuí.

**Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach**  
**18 Meán Fómhair 2018**



## 2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Cuideachtaí

### 2.1 Cad is Cuideachta ann

Is struchtúr dleathach atá sa chuideachta a chruthaíonn aon duine amháin nó grúpa daoine chun gnó nó fiontar sóisialta a rith. Eintiteas sainiúil atá inti faoin dlí ar leithligh ó na comhaltaí nó na scairshealbhóirí. Fágann an chuideachta a bheith ina heintiteas faoi leith faoin dlí, gur ann don chuideachta, de réir an dlí, ar leithligh ó na daoine is úinéirí agus bainisteoirí uirthi. Ciallaíonn sin, mar shampla, gur féidir le cuideachta:

- caingeán dlí a thionscnamh ina hainm féin seachas in ainm na n-úinéirí nó na mbainisteoirí;
- bheith ina hábhar le caingeán dlí ina hainm féin seachas in ainm na n-úinéirí nó na mbainisteoirí;
- conarthaí a nascadh atá ceangailteach ó thaobh dlí;
- úinéireacht a bheith aici ar shócmhainní ina ceart féin.

In Éirinn, déantar rialú ar an gcaoi a n-oibrítear cuideachtaí faoi Acht na gCuideachtaí maille le roinnt reachtaíochta eile a bhaineann le hábhar e.g. Rialacháin de chuid an AE. Leagtar an dlí amach ar bhealach soiléir, sothuigthe, cóirithe in Acht na gCuideachtaí. Sonraítear go soiléir na cineálacha éagsúla cuideachtaí is féidir a chur ar bun agus sainsonraítear an dlí a bhfuil feidhm léi i ndáil le gach cineál cuideachta acu sin. Tá an reachtaíocht a bhaineann leis an gcuideachta faoi theorainn scaireanna, an cineál is coitianta (an chuideachta “TEO”, féach thíos), in Imleabhar 1 den Acht (Codanna 1-15). Pléitear le gach cineál eile cuideachta in Imleabhar 2.

### 2.2 Cineálacha Cuideachtaí

Foráiltear faoi Acht na gCuideachtaí do roinnt cineálacha éagsúla cuideachtaí. Is féidir rangú ginearálta a dhéanamh ar na cineálacha cuideachtaí idir cuideachtaí príobháideacha agus cuideachtaí poiblí faoi dhliteanas teoranta nó faoi dhliteanas neamhtheoranta.

### 2.3 Cuideachtaí faoi Dhliteanas Teoranta agus faoi Dhliteanas Neamhtheoranta

Tá gach cuideachta faoi dhliteanas maidir lena cuid fiach. Is leis an dliteanas atá ar na húinéirí (ar a dtugtar na comhaltaí nó na scairshealbhóirí) i leith fhiacha na cuideachta a bhaineann an t-idirdhealú idir dliteanas teoranta agus dliteanas neamhtheoranta.

I gcás cuideachta faoi dhliteanas teoranta, tá úinéirí na cuideachta faoi dhliteanas maidir le fiacha na cuideachta i ndáil leis an tsuim a d'aontaigh siad a íoc isteach sa chuideachta agus leis an tsuim sin amháin. I gcás cuideachta faoi dhliteanas neamhtheoranta tá úinéirí na cuideachta faoi dhliteanas i leith iomlán fhiacha na cuideachta gan teorainn ar bith.

### 2.4 Cuideachtaí Príobháideacha agus Cuideachtaí Poiblí

Is féidir cuideachta a eisíonn scaireanna a bheith ina cuideachta phríobháideach nó ina cuideachta phoiblí. Ar na difríochtaí is mó idir cuideachtaí príobháideacha agus cuideachtaí poiblí tá na modhanna ina mbeadh i gceist ag an gcuideachta caipiteal a thiomsú. Tá cosc ar chuideachta phríobháideach scaireanna nó bintiúirí na cuideachta a thairiscint don phobal nuair is féidir le cuideachta phoiblí caipiteal a thiomsú trí scaireanna agus bintiúirí a thairiscint go poiblí i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí.





Ní mór coinníollacha áirithe a shásamh chun seasamh mar chuideachta phríobháideach agus is iondúil gur gá na gnéithe seo a leanas:

- tá aon chomhalta amháin ar a laghad agus 149 comhalta ar a mhéid ag an gcuideachta;
- tá scairchaipiteal ag an gcuideachta;
- tá srianta ar chearta na gcomhaltaí maidir le scaireanna a aistriú;
- ní thugtar cuireadh don phobal suibscríobh le haghaidh scaireanna sa chuideachta;

Is é buntáiste atá le cuideachta a bheith ina cuideachta phríobháideach gur féidir leas a bhaint as socrúithe áirithe faoi dhlí na gcuideachtaí. Is féidir, i gcásanna áirithe, díolúine a fháil ón gcoinníoll gur gá na cuntais a chur á n-íniúchadh<sup>1</sup>, agus is féidir leas a bhaint as díolúine áirithe maidir le heolas faoin gcuideachta a chomhadú le Cláraitheoir na gCuideachtaí.

## 2.5 Cineálacha Cuideachtaí

- Cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna (TEO)
- Cuideachta gníomhaíochta ainmnithe (CGA), is féidir a bheith ina:
  - (a) Cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna, nó
  - (b) Cuideachta phríobháideach faoi theorainn ráthaíochta ag a bhfuil scairchaipiteal
- Cuideachta phríobháideach neamhtheoranta (CNT)
- Cuideachta phoiblí theoranta (CPT), is féidir a bheith ina:
  - (a) Cuideachta infheistíochta nach bhfuil aidhm léi seachas infheistiú cnuasaitheach ar chistí, nó
  - (b) Cuideachta phoiblí theoranta (nach cuideachta infheistíochta) a théann i mbun gníomhaíochta sa Stát is gníomhaíocht a luaitear i meabhrán na cuideachta<sup>2</sup> (Societas Europae<sup>3</sup> san áireamh)
- Cuideachta phoiblí neamhtheoranta, is féidir a bheith ina:
  - (a) Cuideachta phoiblí neamhtheoranta ag a bhfuil scairchaipiteal (CPN), nó
  - (b) Cuideachta phoiblí neamhtheoranta gan scairchaipiteal (CPNT)
- Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta (CTR)
- Cuideachta sheachtrach

### 2.5.1 Cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna (TEO)

Is cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna an TEO arna cur ar bun chun críche dleathaí, agus an tsuim sin, más ann di, atá neamhíochta ag tráth áirithe i ndáil leis na scaireanna atá cláraithe ina n-ainm de theorainn le dliteanas na scairshealbhoirí/na gcomhaltaí. Mar shampla, má tá céad scair €1 ag duine i gcuideachta, ón tráth a n-íoctar an €100, níl aon dliteanas thairis sin ar an té sin i ndáil le fiacha na cuideachta. Is ionann na scaireanna sa chuideachta, arna n-áireamh le chéile, agus scairchaipiteal na cuideachta.

Is iomaí buntáiste atá le cuideachta a chlárú mar chuideachta TEO, mar shampla; bunreacht aon doiciméid amháin, ní gá aidhmeanna a lua, aon stiúrthóir amháin nuair is duine eile an rúnaí cuideachta, aon chomhalta amháin, an rogha gan CGB a thionól trí ghlacadh le modhanna oibre le scríbhinní agus coinníollacha eile faoi dhlí na gcuideachtaí ar féidir glacadh leo.

<sup>1</sup> Alt 360 Acht na gCuideachtaí.

<sup>2</sup> Alt 1006 Acht na gCuideachtaí.

<sup>3</sup> Is Cuideachta Phoiblí Theoranta Eorpach an SE arna clárú in Éirinn.



### 2.5.2 Cuideachta gníomhaíochta ainmnithe (CGA)

Tá stádas cuideachta príobháidí ag CGA agus is féidir le duine nó daoine a aontaíonn le bunreacht agus a chomhlíonann na hait a bhaineann le hábhar in Acht na gCuideachtaí<sup>4</sup> a cur ar bun chun críche dleathaí. Is i bhfoirm meabhrán comhlachais agus airteagail comhlachais a bhíonn bunreacht CGA agus bíonn clásál ann maidir le haidhmeanna<sup>5</sup>. Ó thaobh formáide, is féidir le CGA a bheith ina:

- (a) cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna, nó
- (b) cuideachta phríobháideach faoi theorainn ráthaíochta ag a bhfuil scairchaipiteal.

Ar na tréithe a bhaineann le CGA, bheadh: gur féidir CGA faoi theorainn scaireanna a chur ar bun le haon chomhalta amháin ar a laghad agus 149 comhalta ar a mhéid, gur gá beirt stiúrthóirí ar a laghad ar CGA<sup>6</sup>, gur gá CGB a thionól má tá níos mó ná aon chomhalta amháin inti<sup>7</sup> agus gur féidir le CGA leas a bhaint as díolúine maidir le hiniúcháireacht agus le díolúintí eile.

### 2.5.3 Cuideachta Phríobháideach Neamhtheoranta (CNT)

Is cuideachta phríobháideach neamhtheoranta le scairchaipiteal CNT arna cur ar bun chun críche dleathaí ag daoine a aontaíonn le bunreacht agus a chomhlíonann na hait a bhaineann le hábhar in Acht na gCuideachtaí<sup>8</sup>. Ní hiondúil cuideachta neamhtheoranta a úsáid mar chuideachta trádála ó tharla nach bhfuil teorainn le dliteanas na gcomhaltaí agus go mbíonn de cheangal ar na comhaltaí i gcás an chuideachta a fhoirceannadh fiacha iomlána na cuideachta a íoc.

Ar na gnéithe a bhaineann le CNT, tá gur féidir a cur ar bun le haon chomhalta amháin, gur gá beirt stiúrthóirí ar a laghad uirthi, gur gá CGB a thionól, agus ar choinníoll nach “CNT ainmnithe”<sup>9</sup> é, nach bhfuil dlite uirthi ráitis airgeadais a cheangal leis an tuairisceán bliantúil<sup>10</sup>.

### 2.5.4 Cuideachta Phoiblí Theoranta (CPT)

Ciallaíonn cuideachta phoiblí theoranta (CPT) cuideachta faoi theorainn scaireanna le scairchaipiteal nach lú ná an íosmhéid údaraithe €25,000<sup>11</sup>. Is i bhfoirm meabhrán comhlachais agus airteagail comhlachais a bhíonn bunreacht an CPT agus bíonn clásál aidhmeanna mar chuid de<sup>12</sup>. Bíonn d’acmhainn inti urrúis a thairiscint, a leithroinnt agus a eisiúint leis an bpobal i gcomhréir le Cuid 23 d’Acht na gCuideachtaí.

Ó thaobh formáide, is féidir le Cuideachta Phoiblí Theoranta (CPT) a bheith ina:

- (a) cuideachta infheistíochta nach bhfuil aidhmeanna léi taobh amuigh de chistí a infheistiú go teaglamach, nó
- (b) cuideachta phoiblí nach cuideachta infheistíochta.

Is í an phríomhghné a bhaineann le CPT gur féidir a cur ar bun le haon chomhalta amháin ar a laghad agus gan aon uaslíon comhaltaí. Ní mór beirt stiúrthóirí ar a laghad agus tá de dhualgas ar na stiúrthóirí a chinntiú go bhfuil an té a cheaptar ina rúnaí inniúil ar an dualgas faoin reachtaíocht ina leith sin a chomhlíonadh. Tá ceangailte ar an CPT cruinniú ginearálta bliantúil a thionól agus na

<sup>4</sup> Alt 965 Acht na gCuideachtaí.

<sup>5</sup> Alt 967 Acht na gCuideachtaí.

<sup>6</sup> Alt 985 Acht na gCuideachtaí.

<sup>7</sup> Alt 988 Acht na gCuideachtaí.

<sup>8</sup> Altanna 1231 & 1233 Acht na gCuideachtaí.

<sup>9</sup> Alt 1274 d’Acht na gCuideachtaí (mar a cuireadh in ionad Alt 78 d’Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017).

<sup>10</sup> Altanna 347 & 348 Acht na gCuideachtaí.

<sup>11</sup> Alt 1000 Acht na gCuideachtaí.

<sup>12</sup> Alt 1006 Acht na gCuideachtaí.



ráitis airgeadais a chur á n-iniúchadh agus tá dlite ar chuideachta trádáilte<sup>13</sup> “ráiteas faoin rialachas corparáide”<sup>14</sup> a bheith mar chuid de thuarascáil an stiúrthóra.

Is é an Societas Europea (SE) leagan na hEorpa den CPT agus tá rialacha den chineál céanna i bhfeidhm ina leith<sup>15</sup>.

### 2.5.5 Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta (CPN agus CPNT)

Ciallaíonn cuideachta phoiblí neamhtheoranta cuideachta phoiblí nach bhfuil teorainn leis an dliteanas atá ar na comhaltaí/scairshealbhóirí ina leith agus ina mbeadh dlite ar na scairshealbhóirí, i gcás an chuideachta a fhoirceannadh, fiacha uile na cuideachta a íoc. Is féidir cuideachta den chineál seo a bhunú le haon chomhalta amháin agus ní mór beirt stiúrthóirí ar a laghad. Ní mór ráitis airgeadais iniúchta a chur ar fáil don Chláraitheoir leis an tuairisceán bliantúil. Tá cosc ar chuideachta phoiblí neamhtheoranta aon scair nó urrús eile sa chuideachta a thairiscint don phobal.

Ó thaobh formáide, is féidir le Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta a bheith ina:

- (a) cuideachta phoiblí neamhtheoranta (CPN), nó
- (b) cuideachta phoiblí neamhtheoranta gan scairchaipiteal (CPNT)

### 2.5.6 Cuideachta Ráthaíochta (CTR)

Is cuideachta gan scairchaipiteal an CTR a bhfuil an tsuim sin a gheallann na comhaltaí a chur le sócmhainní na cuideachta sa chás go mbeadh sí á fhoirceannadh de theorainn le dliteanas na gcomhaltaí faoin mbunreacht<sup>16</sup>. Éilítear beirt stiúrthóirí ar a laghad a bheith ar CTR agus ní foláir CGB a thionól. Is féidir le CTR nach institiúid creidmheasa nó gnóthas árachais leas a bhaint as díolúine maidir leis na cuntais a chur á n-iniúchadh ar choinníoll go sásaítear na coinníollacha a leagtar síos ina leith sin<sup>17</sup>.

### 2.5.7 Cuideachta Sheachtrach

Ciallaíonn cuideachta sheachtrach cuideachta de chuid an LEE nó cuideachta ón taobh amuigh den LEE a chuireann brainse ar bun in Éirinn. Tá ceangailte ar chuideachta sheachtrach ar mian léi brainse a chur ar bun in Éirinn cóip dheimhnithe de dhoiciméid bhunreachtúla na cuideachta a chur ar fáil do Chláraitheoir na gCuideachtaí taobh istigh de 30 lá ó thráth a bhunaithe<sup>18</sup>.

## 2.6 Cuideachta a Chorprú agus a Chlárú

Cuirtear tús leis an bpróiseas trína ndéantar cuideachta a chorprú agus a chlárú nuair a chuirtear bunreacht maille le ráiteas toilteanais<sup>19</sup> agus dearbhú<sup>20</sup> de réir mar a éilítear in Acht na gCuideachtaí ar fáil do Chláraitheoir na gCuideachtaí. Ar an mbunreacht a chlárú, deimhníonn an Cláraitheoir go bhfuil an chuideachta corpraithe agus eisítear deimhniú corprúcháin. Is fianaise dhearfa an deimhniú corprúcháin go bhfuil an Chuideachta cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí<sup>21</sup>.

Ní dhéanfaidh an Cláraitheoir bunreacht a chlárú mura mbítear lánchinnte go bhfuil na coinníollacha ar fad i ndáil le foirm na bunreachta faoi Acht na gCuideachtaí á gcomhlíonadh.

<sup>13</sup> Cuideachta le hurrúis a ligtear i mbun trádála ar mhargadh rialáilte san LEE.

<sup>14</sup> Alt 1373 Acht na gCuideachtaí (mar a leasaigh Alt 82 d’Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017).

<sup>15</sup> Alt 1003 Acht na gCuideachtaí.

<sup>16</sup> Alt 1176 Acht na gCuideachtaí.

<sup>17</sup> Altanna 358-365 Acht na gCuideachtaí (mar a leasaigh Altanna 56 do 61 d’Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017).

<sup>18</sup> Alt 1302 Acht na gCuideachtaí.

<sup>19</sup> Alt 22 Acht na gCuideachtaí.

<sup>20</sup> Alt 24 Acht na gCuideachtaí.

<sup>21</sup> Alt 25 Acht na gCuideachtaí.



Ní mór na nithe seo a leanas a lua i mbunrecht cuideachta:

- Ainm na cuideachta;
- An cineál cuideachta atá le clárú (i.e. TEO, CGA, CPT, etc.);
- Na haidhmeanna (más gá sin) ag brath ar chineál na cuideachta;
- Dliteanas na gcomhaltaí;
- Scairchaipiteal na cuideachta arna roinnt de réir uimhir agus luach gach scair;
- Mionsonraí faoin ionad ina bhfuil i gceist ag an gcuideachta an gnó a sheoladh agus Oifig Chláraithe<sup>22</sup> na cuideachta i.e. an áit ina ndéanfar an riarachán lárnach ar an gcuideachta de ghnáth;
- Deimhniú go mbeidh cónaí ar aon stiúrthóir amháin ar a laghad<sup>23</sup> de chuid na cuideachta sa Limistéar Eacnamaíoch Eorpach (LEE) (ballstáit an AE móide an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua);
- Sa chás nach bhfuil cónaí ar aon stiúrthóir de chuid na cuideachta san LEE, tá dlite uirthi banna dar luach €25,000 a chur ar fáil don chlárúchán<sup>24</sup>. Is é cúis atá leis an mbanna, soláthar a dhéanamh d'fhíneáil nó do phionóis áirithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm sa chás nach gcomhlíonann an cuideachta dlí na gcuideachtaí agus/nó dlí an chánachais;
- Foirm A1, atá ar fáil ó Chláraitheoir na gCuideachtaí, arna líonadh isteach.

Is féidir breis eolais faoi chorprú cuideachtaí a fháil ó Chláraitheoir na gCuideachtaí (láithreán gréasáin: [www.cro.ie](http://www.cro.ie)).

Bealach eile trínar féidir cuideachta a chur ar bun is ea cuideachta réamhchorpraithe a cheannach ó ghníomhaire foirmiú cuideachtaí. Déanann gníomhairí foirmiú cuideachtaí líon mór cuideachtaí a chorprú in éineacht agus iad a dhíol ansin le daoine den phobal.

## 2.7 Bunrecht Cuideachta

Leagtar amach i mbunrecht cuideachta na teorainneacha bunúsacha le saol dlisteanach na corparáide a n-oibrítear dá réir, mar shampla, beartaíocht, acmhainn, cúrsaí airgeadais agus rialacha inmheánacha.

Ní mór bunrecht ag gach cuideachta a phriontáiltear agus atá sínithe ag gach rannpháirtí nó fiordheimhnithe ar an modh forordaithe<sup>25</sup>. Ní mór bunrecht cuideachta a bheith i gcomhréir leis an bhfoirm a leagtar amach sa Sceideal le hAcht na gCuideachtaí a bhaineann le hábhar nó chomhgar dó sin agus is féidir i gcúinsí an cháis.

Doiciméad amháin (gan clásál aidhmeanna) atá i mbunreachta cuideachta TEO agus bíonn bunrecht gach cineál eile cuideachta i bhfoirm mheabhrán comhlachais agus airteagail comhlachais, ar a dtugtar an “bhunrecht” in éineacht, arna dtiomsú in aon doiciméad amháin, i gcomhlíonadh choinníollacha Acht na gCuideachtaí.

<sup>22</sup> Alt 50 Acht na gCuideachtaí.

<sup>23</sup> Alt 137 Acht na gCuideachtaí

<sup>24</sup> Alt 137(2) Acht na gCuideachtaí.

<sup>25</sup> Alt 888 Acht na gCuideachtaí.



Leagtar amach sna scéidil thíos le hAcht na gCuideachtaí foirm an bhunreachta a theastaíonn do chineálacha éagsúla cuideachtaí:

- Sceideal 1** – An Bunrecht ag Cuideachta Phríobháideach Faoi Theorainn Scaireanna (TEO);
- Sceideal 7** – An Bunrecht ag Cuideachta Gníomhaíochta Áirithe Faoi Theorainn Scaireanna (CGA);
- Sceideal 8** – An Bunrecht ag Cuideachta Gníomhaíochta Áirithe Faoi Theorainn Ráthaíochta (CGA);
- Sceideal 9** – An Bunrecht ag Cuideachta Phoiblí Theoranta (CPT);
- Sceideal 10** – An Bunrecht ag Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta (CTR);
- Sceideal 11** – An Bunrecht ag Cuideachta Phríobháideach Neamhtheoranta le Scairchaipiteal (CNT);
- Sceideal 12** – An Bunrecht ag Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta le Scairchaipiteal (CPN);
- Sceideal 13** – An Bunrecht ag Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta gan Scairchaipiteal (CPNT).

### 2.7.1 Meabhrán Comhlachais

Is é an meabhrán comhlachais an príomhdhoiciméad de chuid an bhunreachta trína dtugtar clárú cuideachta i gcrích. Bíonn an fhormáid i gcomhréir leis an alt in Acht na gCuideachtaí a bhaineann le hábhar agus tugtar san áireamh na gnéithe éigeantacha faoin mbunrecht, eadhon:

- ainm na cuideachta;
- cineál na cuideachta;
- aidhmeanna na cuideachta;
- dlíteanas na gcomhaltaí;
- caipiteal na cuideachta.

### 2.7.2 Airteagail Comhlachais

Is iad na hAirteagail Comhlachais na rialacha inmheánacha de chuid na cuideachta a chláraítear go poiblí. Is tríothu a cheanglaítear an chuideachta leis na comhaltaí. Tá rialacha inmheánacha caighdeánaithe do chuideachtaí códaithe anois in Acht na gCuideachtaí, rud a fhágann nach gá airteagail a leagan amach go mionsonraithe sa bhunrecht. Is féidir le cuideachta glacadh leis na hairteagail chaighdeánacha atá oiriúnach don chineál cuideachta atá á corprú trí ráiteas go bhfuil forálacha Acht na gCuideachtaí á n-aontú. Sa chás go nglacann cuideachta leis na hairteagail chaighdeánacha in Acht na gCuideachtaí mar chuid den bunrecht gan aon ní as na forálacha roghnacha a fhágáil ar lár ná a athrú, beidh feidhm leis na forálacha uile sna hairteagail chaighdeánacha, na forálacha roghnacha san áireamh.

## 2.8 Stiúirthóirí na Cuideachta

Is iad stiúirthóirí na cuideachta na daoine a cheaptar (ag na comhaltaí go hiondúil) chun an chuideachta a rialú agus a bhainistiú thar ceann na gcomhaltaí. Tá ceangal faoin dlí ar a laghad aon stiúirthóir amháin a bheith ar chuideachta TEO<sup>26</sup>. Tá dlíte faoin reachtaíocht ar a laghad beirt stiúirthóirí a bheith ar chineálacha eile cuideachtaí. Ní mór do dhaoine 18 bliana a bheith slán acu<sup>27</sup> go bhféadfaí iad a cheapadh ina stiúirthóirí. Ní mór aon athrú maidir le stiúirthóirí a chur in iúl don Chláraitheoir taobh istigh de 14 lá<sup>28</sup>. Áirítear mar athrú maidir le stiúirthóirí dícháiliú<sup>29</sup> dhuine de na stiúirthóirí faoin dlí i Stát eile. Leagtar amach na príomhrialacha maidir leis an mbainistíocht inmheánach agus rialachas corparáide i gcuid 4 d'Acht na gCuideachtaí.

<sup>26</sup> Alt 128 Acht na gCuideachtaí.

<sup>27</sup> Alt 131(1) Acht na gCuideachtaí.

<sup>28</sup> Alt 149(8) Acht na gCuideachtaí.

<sup>29</sup> Alt 150(1) Acht na gCuideachtaí.



## 2.9 Rúnaí na Cuideachta

Rúnaí na cuideachta an té nó an chuideachta a cheaptar i gcomhréir le bunreacht na cuideachta. Tá ceangailte faoin dlí ar gach cuideachta rúnaí cuideachta a bheith aici<sup>30</sup>. Tá meascán idir a bhforáiltear dó faoin reachtaíocht agus na dualgais a leagann bord na stiúrthóirí ar an rúnaí cuideachta i gceist le feidhmeanna agus dualgais an rúnaí. Gnéithe riaracháin atá i gceist dáiríre agus sin i ndáil lena chinntiú go gcomhlíontar dualgais na cuideachta faoi dhlí na gcuideachtaí maidir le doiciméid a chomhadú. Tá de fhreagracht ar na stiúrthóirí a chinntiú go bhfuil an té a cheaptar ina rúnaí inniúil ar dhualgais an rúnaí cuideachta faoin reachtaíocht agus faoin dlí a chomhlíonadh<sup>31</sup>. Pléitear a mbaineann leis an rúnaí cuideachta go mion i Leabhrán Eolais 3 – An Rúnaí Cuideachta.

## 2.10 Dualgais Cuideachta

Mar a luaitear thuas, is eintiteas inti féin an chuideachta faoin dlí. Dá réir sin, leagtar dualgais áirithe ar an gcuideachta faoin dlí agus seo a leanas na príomhdhualgais:

- taifid cuntasáochta leordhóthanacha a choimeád<sup>32</sup>;
- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú<sup>33</sup>;
- a shocrú go ndéantar iniúchadh bliantúil (faoi réir ag cásanna eisceachta);
- cláir áirithe agus doiciméid eile a choimeád;
- doiciméid áirithe a chomhdú le Cláráitheoir na gCuideachtaí;
- cruinnithe ginearálta de chuid na cuideachta a thionól (faoi réir ag cásanna eisceachta).

### 2.10.1 Dualgas Taifid Cuntasáochta Leordhóthanacha a choimeád<sup>34</sup>

Tá dlite ar gach cuideachta taifid cuntasáochta leordhóthanacha a choimeád nó a thabhairt go gcoimeádtar iad. Is iad na taifid cuntasáochta atá leordhóthanach na taifid:

- ina bhfuil tuairisc chruinn agus míniú ar idirbhearta uile na cuideachta;
- a fhágann gur féidir, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas na cuideachta a dheimhniú go réasúnta cruinn;
- a fhágann gur féidir le stiúrthóirí na cuideachta a chinntiú go bhfuil aon ráitis airgeadais de chuid na cuideachta is gá a ullmhú ag teacht le hAcht na gCuideachtaí, agus nuair is infheidhme sin, le hAirteagal 4 den Rialachán CIC<sup>35</sup>; agus
- a fhágann gur féidir ráitis airgeadais na cuideachta, arna n-ullmhú dá réir sin, a iniúchadh mar is ceart.

Ní mór na taifid cuntasáochta a choinneáil ar bhonn seasta leanúnach, eadhon, ní mór iontrálacha a dhéanamh go tráthúil agus iad a bheith comhleanúnach ó thréimhse go chéile. Sa chás nach le hiontráil i leabhar ceangailte a choinnítear taifid, ní mór réamhchúram leordhóthanach a dhéanamh chun góchumadh a chosc agus chun cuidiú le góchumadh dá shórt a thabhairt chun suntais, sa chás go dtarlódh a leithéid<sup>36</sup>.

<sup>30</sup> Alt 129(1) Acht na gCuideachtaí.

<sup>31</sup> Alt 129(4) Acht na gCuideachtaí.

<sup>32</sup> Alt 281 Acht na gCuideachtaí.

<sup>33</sup> Altanna 290 & 293 Acht na gCuideachtaí (mar a cuireadh in ionad Alt 16 & 19 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasáocht) 2017).

<sup>34</sup> Alt 281 Acht na gCuideachtaí.

<sup>35</sup> Ciallaíonn "Rialachán CIC" Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 agus baineann Airteagal 4 le cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna.

<sup>36</sup> Alt 282(2) Acht na gCuideachtaí.



Ní mór taifead ar na nithe seo a leanas sna taifid cuntasáochta a choimeádtar:

- iontrálacha ó lá go lá maidir le gach suim airgid a fhaigheann agus a chaitheann an chuideachta agus leis na nithe ar ina leith a tharlaíonn an fáltas agus an caiteachas;
- taifead ar shócmhainní agus ar dhliteanais na cuideachta;
- sa chás go mbíonn trádáil earraí (i.e. stoc) i gceist le gnó na cuideachta:
  - taifead ar na hearraí uile a cheannaítear agus a dhíoltar (ach amháin na hearraí sin a dhíoltar ar airgead tirim trí ghnáth-thrádail miondíolacháin) lena mbíonn tuairisc ar na hearraí, na díoltóirí agus na ceannaitheoirí atá sách mion agus gur féidir na hearraí, na díoltóirí agus na ceannaitheoirí a shonrú agus taifead ar gach sonrasc a bhaineann le bearta ceannacháin agus díolacháin den sórt sin, agus;
  - ráiteas faoin stoc atá ar lámh ag an gcuideachta ag deireadh na bliana airgeadais agus na taifid ar fad maidir le stocáireamh ar a mbunaítear ráitis den chineál sin;
- sa chás go mbíonn soláthar nó ceannach seirbhísí i gceist le gnó na cuideachta, taifead ar na seirbhísí a sholáthraítear nó a cheannaítear, an té dár soláthraíodh nó ónar ceannaíodh (mura ndearnadh a soláthar nó a gceannach trí ghnáth-thrádail miondíolacháin) agus gach sonrasc a bhaineann leis sin.

Ba chóir na taifid cuntasáochta a choimeád ag oifig chláraithe na cuideachta nó in áit eile a mheasann na stiúrthóirí a bheith oiriúnach chuige sin. Beidh cuideachta a sháraíonn Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí ciontach i gcion de chatagóir 1 nó 2<sup>37</sup>.

Is fiú a thabhairt faoi deara freisin gur féidir leis an gCúirt, sa chás nach acmhainn do chuideachta atá á foirceannadh a cuid fiach a ghlanadh agus gur sáraíodh aon cheann de na haltanna 281 go dtí 285 (i.e. an coinníoll taifid cuntasáochta leordhóthanacha a choimeád) agus gurb é breith na Cúirte go raibh baint ag an sárú sin leis an gcuideachta a bheith sa chaoi agus nach acmhainn di na fiacha a íoc, a chinneadh, ar iarratas ina leith sin ón leachtaitheoir nó ó chreidiúnaí ar bith, go mbeidh duine amháin nó níos mó ná duine amháin d'oifigigh nó d'iar-oifigigh na cuideachta faoi dhliteanas pearsanta maidir le fiacha na cuideachta<sup>38</sup>.

Tugtar treoir in Agusín C faoi na taifid cuntasáochta etc. is gá do chuideachtaí a choimeád ar a laghad.

### 2.10.2 Dualgas ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú<sup>39</sup>

Go ginearálta, éilítear ar chuideachtaí ráitis airgeadais a ullmhú uair sa bhliain. Déantar na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú arna mbunú ar an eolas atá i dtaifid cuntasáochta na cuideachta<sup>40</sup> agus ar eolas ábhartha eile. Is iondúil go mbíonn na nithe seo a leanas ina gcuid de na ráitis airgeadais (nach mór 'léargas fóircheart agus cothrom'<sup>41</sup> á dtabhairt leo), roinnt acu a éilítear faoin dlí agus roinnt atá de dhíth faoi chaighdeán cuntasáochta:

- Cuntas brabúis agus cailiteanais: is ráiteas seo faoi ghnóthachtáil na cuideachta ina léirítear an teacht isteach, costais, gnóthachan agus cailiteanas a thuill agus a d'fhulaing an chuideachta i rith na tréimhse faoi chaibidil arna lua ar bhealach lena sásaítear an córas tuairiscíochta airgeadais atá glactha chuici féin ag an gcuideachta;

<sup>37</sup> Alt 286 d'Acht na gCuideachtaí (Mínítear cionta i Roinn 3 den leabhar seo)

<sup>38</sup> Alt 609 Acht na gCuideachtaí.

<sup>39</sup> Altanna 290 & 293 Acht na gCuideachtaí (leasaithe trí cuir isteach de réir Alt 16 & 19 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasáocht) 2017).

<sup>40</sup> Alt 282 Acht na gCuideachtaí.

<sup>41</sup> Alt 291(2) d'Acht na gCuideachtaí (Féach Leabhrán Eolais 2 – An Stiúrthóir Cuideachta maidir le breis eolais faoina bhfuil i gceist le léargas fóircheart agus cothrom).

- Clár comhardaithe: ráiteas faoi shócmhainní, faoi dhliteanais agus faoi staid airgeadais na cuideachta arna leagan amach ag dáta áirithe ionas go dtugtar léargas ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar chothromas na cuideachta an tráth sin;
- Ráiteas faoi shreabhadh airgid: ráiteas faoin sreabhadh airgid isteach agus amach as an gcuideachta i rith tréimhse áirithe ama. Ní éilítear ráiteas faoin sreabhadh airgid faoin dlí ach éilítear faoi chaighdeáin cuntasáochta. Ní bhíonn sé de dhith i gcás cuideachtaí ‘beaga’. Leagtar amach na critéir a bhaineann le cuideachta a mheas mar chuideachta ‘bheag’ in Aguisín A;
- Polasaithe cuntasáochta: Tá ceangailte ar chuideachta na polasaithe cuntasáochta<sup>42</sup> ar ghlac an chuideachta leo maidir leis na míreanna agus na suimeanna a luaifí sa chuntas brabúis agus cailteanais agus ar an gclár comhardaithe a lua sna nótaí leis na ráitis airgeadais. Nuair a athraíonn cuideachta a bheartais chuntasáochta, caithfidh sé an t-athrú a nochtadh, an chúis atá leis an athrú agus an tionchar a bhíonn ag an athrú ar na ráitis airgeadais reatha agus roimhe seo<sup>43</sup>;
- Nótaí leis na ráitis airgeadais: tugtar eolas níos mine iontu seo maidir leis na figiúirí a luaitear sa chuntas brabúis agus cailteanais, ar an gclár comhardaithe nó sa ráiteas faoi shreabhadh airgid e.g. anailís maidir le sócmhainní seasta agus dímheas, anailís maidir le creidiúnaithe etc.;
- Tuarascáil na stiúrthóirí: Tá dlite ar stiúrthóirí cuideachta tuarascáil<sup>44</sup> a ullmhú do na comhaltaí gach bliain airgeadais. Ba chóir go bpléifí sa tuarascáil le cúrsaí ginearálta na cuideachta, le hathbhreithniú ar chúrsaí gnó, le heolas faoi éadail nó diúscairt scaireanna agus le heolas ábhartha maidir le cúrsaí iniúcháireachta. Pléitear tuarascáil na stiúrthóirí go mion i Leabhrán Eolais 2 – An Stiúrthóir Cuideachta.

Tá ceangailte ar chuideachtaí a bhfuil dlite orthu ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú cóip iomlán de na ráitis airgeadais sin a chur ar fáil do gach comhalta de chuid na cuideachta.

### 2.10.3 Dualgas Ráitis Airgeadais Reachtúla a chur á nIniúchadh<sup>45</sup>

Tá dlite ar stiúrthóirí cuideachta a shocrú go ndéanann iniúcháir reachtúil ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta a iniúchadh, mura bhfuil an chuideachta i dteideal díolúine ó iniúchadh agus gurb é rogha na cuideachta leas a bhaint as an díolúine sin. Is scrúdú neamhspleách atá san iniúcháireacht a dhéanann saineolaí neamhspleách (an t-iniúcháir) ar na ráitis airgeadais. Ar iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, ní mór don iniúcháir tuairisc a thabhairt do chomhaltaí na cuideachta. Ní mór don iniúcháir, sa tuairisc sin, a theacht ar bhreith faoi chúrsaí áirithe, ina measc e.g. an dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais agus an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid cuntasáochta is bun leo. Pléitear go mion le hábhar tuairisc an iniúcháir i Leabhrán Eolais 5 – An tIniúcháir.

#### Díolúine ó Iniúchadh<sup>46</sup>

Tugtar díolúine do chuideachtaí áirithe beaga óna gcuid ráitis airgeadais reachtúla a chur á n-iniúchadh ar chuntar go sásaíonn an chuideachta na coinníollacha agus nach eintiteas neamh-incháilithe<sup>47</sup> ná eintiteas eisiata<sup>48</sup> iad. Bíonn na coinníollacha cáiliúcháin chun leas a bhaint as díolúine iniúcháireachta maidir le cuideachta bheag bunaithe ar na critéir mhéid amháin<sup>49</sup>

<sup>42</sup> Alt 321 Acht na gCuideachtaí (leasaithe trí cuir isteach de réir 37 d’Acht na gCuideachtaí (Cuntasáocht) 2017).

<sup>43</sup> Alt 321(3) d’Acht na gCuideachta (leasaithe trí cuir isteach de réir Alt 37 d’Acht na gCuideachtaí (Cuntasáocht) 2017).

<sup>44</sup> Alt 325 Acht na gCuideachtaí (leasaithe trí cuir isteach de réir Alt 41 d’Acht na gCuideachtaí (Cuntasáocht) 2017).

<sup>45</sup> Alt 333 Acht na gCuideachtaí.

<sup>46</sup> Alt 360 Acht na gCuideachtaí (leasaithe trí cuir isteach de réir Alt 58 d’Acht na gCuideachtaí (Cuntasáocht) 2017).

<sup>47</sup> Alt 275 d’Acht na gCuideachtaí (sainmhíniú nua maidir le heintiteas neamh-incháilithe a cuireadh isteach le Alt 12 d’Acht na gCuideachtaí (Cuntasáocht) 2017).

<sup>48</sup> Altanna 280A(4), 280B(5) 280D(4) agus Sceideal 5 d’Acht na gCuideachtaí (a cuireadh isteach le Section 15 d’Acht na gCuideachtaí (Cuntasáocht) 2017 a cuireann isteach Caibidil 1A nua).

<sup>49</sup> Altanna 280A, 280B agus 280D d’Acht na gCuideachtaí (a cuireadh isteach le Section 15 d’Acht na gCuideachtaí (Cuntasáocht) 2017 a cuireann isteach Caibidil 1A nua).







á sásamh ag cuideachta i ndáil leis an mbliain airgeadais ina dtarlaíonn péire nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas á sásamh:

Cuideachta Micrea:

- nach airde láimhdeachas na cuideachta ná €700,000
- nach airde iomlán an chláir comhardaithe ná €350,000
- nach mó ná 10 meánlíon na bhfostaithe

Cuideachta Bheaga:

- nach airde láimhdeachas na cuideachta ná €12 milliún
- nach airde iomlán an chláir comhardaithe ná €6 milliún
- nach mó ná 50 meánlíon na bhfostaithe

Grúpa Beaga:

- nach airde láimhdeachas comhiomlán grúpa €12 million glan (nó €14.4m comhlán)
- nach airde iomlán an chláir comhardaithe comhiomlán grúpa ná €6m glan (nó 7.2m comhlán)
- nach mó ná 50 meánlíon na bhfostaithe comhiomlán grúpa

Is féidir le cuideachta bheaga nó micrea leas a bhaint as díolúine maidir leis na ráitis airgeadais reachtúla bliain airgeadais faoi leith sa chás go sásaíonn sé na coinníollacha cáilitheacha agus nach neamh-incháilithe nó eisiata é. Cibé a cháilíonn cuideachta mar chuideachta bheag, déantar é a chinneadh de réir Acht Ailt 280A go 280E na gCuideachtaí 2014 (arna leasú).

Cáilíonn “cuideachta shealbhaíochta” mar chuideachta bheag i ndáil le bliain airgeadais ach amháin má cháilíonn an grúpa, ar ina leith an chuideachta shealbhaíochta, mar ghrúpa beag i ndáil leis an mbliain airgeadais chéanna sin<sup>50</sup>. Ní bheidh feidhm ag seo maidir le cuideachta shealbhaíochta má tá aon chomhalta den ghrúpa neamh-incháilithe<sup>51</sup> nó ina eintiteas eisiata<sup>52</sup>.

Is féidir le cuideachta dhíomhaoin leas a bhaint as díolúine “speisialta” ó na ráitis airgeadais a chur á n-iniúchadh de réir Alt 365 Acht na gCuideachtaí.

Chomh maith leis na coinníollacha cáiliúcháin, ní mór an tuairisceán bliantúil agus na ráitis airgeadais i ndáil leis an mbliain reatha agus leis an mbliain roimhe sin a bheith comhdaithe in am ag an gcuideachta le Cláráitheoir an gCuideachtaí<sup>53</sup>. Níl sé i dteideal le cuideachta a theip air cloí leis an gceanglas seo díolúine iniúcháireachta a bhaint as 2 bhliain tar éis an tsáraithe<sup>54</sup>.

Ba chóir a thabhairt chun aire go bhfuil dlite i gcónaí ar an gcuideachta atá i dteideal leas a bhaint as díolúine ó chuntais a chur á n-iniúchadh, agus a roghnaíonn leas a bhaint as an díolúine sin, taifid cuntasaochta leordhóthanacha a choimeád nó a shocrú go gcoinnítear taifid cuntasaochta leordhóthanacha, ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú, na ráitis airgeadais a leagan faoi bhráid na gcomhaltaí agus comhadú mar is cuí a dhéanamh leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO).

<sup>50</sup> Alt 280B d’Acht na gCuideachtaí (a cuireadh isteach le Section 15 d’Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017 a cuireann isteach Caibidil 1A nua).

<sup>51</sup> Alt 275 d’Acht na gCuideachtaí (sainmhíniú nua maidir le heintiteas neamh-incháilithe a cuireadh isteach le Alt 12 d’Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017).

<sup>52</sup> Alta 280D(4) agus Sceideal 5 d’Acht na gCuideachtaí (a cuireadh isteach le Section 15 d’Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017 a cuireann isteach Caibidil 1A nua).

<sup>53</sup> Alt 343 d’Acht na gCuideachtaí.

<sup>54</sup> Altanna 363 agus 364 d’Acht na gCuideachtaí (mar a cuireadh iseadh le Alt 10 d’Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla) 2018).



#### 2.10.4 Dualgas ar Chuideachtaí Móra Faisnéis Neamh-Airgeadais a Dhíspreagadh<sup>55</sup>

Éilítear ar chuideachtaí, grúpaí agus gnóthais mhóra<sup>56</sup> faisnéis neamh-airgeadais a nochtadh agus a fhoilsiú, gach bliain airgeadais, i gcuid áirithe de thuarascáil na stiúrthóirí nó i ráiteas ar leithligh. Is é an fhaisnéis atá de dhíth ná na beartais a chuireann an chuideachta i bhfeidhm maidir le: cosaint an chomhshaoil, freagracht shóisialta agus cóireáil fostaithe, meas ar chearta an duine, breabaireacht agus frith-éilliú.

Ina theannta sin, tá sé de cheangal ar chuideachta mhór thrádáilte faisnéis a nochtadh ina Ráiteas Rialachais Chorporáidigh<sup>57</sup> maidir le héagsúlacht ar a mbord (i dtéarmaí aois, inscne, oideachas agus cúlra gairmiúla).

Is cion é teip an ceanglas faisnéis neamhairgeadais a nochtadh a chomhlíonadh agus dlífead ar duine ar bith a bhfaightear ciontach é a chiontú go hachomair fíneáil aicme A nó príosúnacht nach mó ná 6 mhí, nó iad araon.

#### 2.10.5 Dualgas Cláir Áirithe agus Doiciméid eile a Choimeád

Éilítear ar gach cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí cláir áirithe agus doiciméid eile a choimeád, mar seo a leanas:

##### Clár na gComhaltaí<sup>58</sup>

Éilítear ar gach cuideachta clár de na comhaltaí a choimeád agus na sonraí seo a leanas a chur isteach ar an gclár:

- ainmneacha na gcomhaltaí;
- seoltaí na gcomhaltaí;
- ráiteas scaireanna atá i seilbh gach comhalta, ag idirdhealú gach scair ag a uimhir (más ann) agus an méid a íocadh nó a comhaontaíodh a íoc ar na scaireanna;
- an dáta ar cuireadh gach duine ar an gclár;
- an dáta ar scoir gach duine ó bheith ina gcomhaltaí de chuid na cuideachta.

Meastar gur comhaltaí de chuid na cuideachta iad siúd a d'aontaigh bunreacht na cuideachta ó thráth a cláraithe agus déantar a gcuid ainmneacha a lua, ina gcomhaltaí dóibh, ar chlár na gcomhaltaí.

Tá dlite ar an gcuideachta a chur in iúl don Chláraitheoir cá gcoimeádtar an clár agus an clár a chur ar fáil lena scrúdú d'aon duine den phobal<sup>59</sup>. Ní mór an clár a choimeád i gceann de na láithreacha seo a leanas: (a) oifig chláraithe na cuideachta, nó (b) príomhionad gnó na cuideachta sa Stát nó (c) ionad eile taobh istigh den stát.

##### Clár Úinéireachta Tairbhiúil

Éilíonn Airteagal 30 den 4ú Treoir um Sciúradh Airgid an AE (4AMLD) go mbeidh clár úinéireachta tairbhiúil ag Ballstáit uile an AE d'aonáin chorporáideacha agus dlíthiúla. Aistríodh an ceanglas seo i ndlí na hÉireann d'aonáin dlíthiúla agus corporáideacha a gclár úinéirí tairbhiúil féin a shealbhú trí Ionstraim Reachtúil Uimh. 560 de 2016 agus tháinig sé i bhfeidhm an 15 Samhain 2016. Ciallaíonn sé seo go bhfuil ceanglas reachtúil ann maidir le gach aonán corporáideach agus dlíthiúil faisnéis leordhóthanach, cruinn agus reatha a choinneáil ar a gclár úinéirí tairbhiúla féin.

<sup>55</sup> Treoir 2014/95/AE curtha i bhfeidhm in Éirinn ag I.R. Uimh. 360 de 2017 arna leasú ag I.R. Uimh. 410 de 2018.

<sup>56</sup> Alt 280H d'Acht na gCuideachtaí (arna chur isteach le hAlt 15 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017, a chuireann caibidil nua 1A isteach).

<sup>57</sup> Alt 1373 Acht na gCuideachtaí (mar a leasaigh Alt 82 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017).

<sup>58</sup> Alt 169 Acht na gCuideachtaí.

<sup>59</sup> Alt 216 Acht na gCuideachtaí.



Seo a leanas achoimre ar an bhfaisnéis a theastaíonn a shealbhaíonn an chuideachta ar a chlár úinéirí tairbhiúil féin:

- 1) ainm, dáta bhreithe, náisiúntacht agus seoltaí cónaithe gach úinéir tairbhiúil (ní mór don úinéir tairbhiúil bheith ina dhuine nádúrtha);
- 2) ráiteas ar nádúr agus ar mhéid an leas atá ag gach úinéir tairbhiúil den sórt sin de chuid na cuideachta;
- 3) an dáta ar cuireadh isteach gach duine nádúrtha ar an gclár mar úinéir tairbhiúil don chuideachta;
- 4) an dáta a scoirfidh gach duine nádúrtha as bheith ina úinéir tairbhiúil de chuid na cuideachta.

#### Úinéireacht Dhearfach – Clár Lárnach

De bhreis ar chlár tairbhiúil na n-eintiteas corparáidí féin, ní mór don 4ú Treoir um Sciúradh Airgid an AE (4AMLD) freisin go mbeadh clár úinéireachta tairbhiúil lárnach (poiblí) ag gach Ballstát den AE maidir le heintitis corparáideacha agus dlíthiúla. Tá freagracht ar Chláraitheoir na gCuideachtaí as an gclár lárnach (poiblí) a bhunú agus a chothabháil. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le cláir úinéirí tairbhiúla téigh chuig láithreán Gréasáin an OCC: <https://www.cro.ie/Registration/Company/Incidental-Obligations/Beneficial-Ownership-Register>

#### Clár na Stiúrthóirí<sup>60</sup>

Is gá an t-eolas seo a leanas i ndáil le gach duine de stiúrthóirí na cuideachta a lua ar an gclár seo:

- ainm agus sloinne i láthair na huaire agus aon ainm nó sloinne eile roimhe seo;
- dáta breithe;
- gnáthsheoladh cónaithe;
- náisiúntacht;
- slí bheatha i gcúrsaí gnó, más cuí, agus;
- sonraí faoi aon stiúrthóireacht eile ar chuideachta corpraithe sa Stát nó in áit eile faoi láthair nó tráth ar bith le cúig bhliana anuas go dtí tráth an cheapacháin.

#### Clár na Rúnaithe, rúnaithe cúnta agus leasrúnaithe san áireamh<sup>61</sup>

Is gá an t-eolas seo a leanas i ndáil le rúnaí na cuideachta a lua ar an gclár seo nuair is duine aonair an rúnaí:

- ainm agus sloinne i láthair na huaire agus aon ainm nó sloinne eile roimhe seo;
- dáta breithe;
- gnáthsheoladh cónaithe;

Is gá do rúnaí atá ina chomhlacht corpraithe an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil:

- ainm an chomhlachta corpraithe;
- seoladh na hoifige cláraithe;
- an clár ar a bhfuil sé cláraithe; agus,
- an uimhir faoina bhfuil sé cláraithe ar an gclár sin.

Tá ceangailte ar an gcuideachta clár na stiúrthóirí agus an rúnaí a chur ar fáil lena scrúdú ag comhalta ar bith saor ó tháille agus lena scrúdú ag duine den phobal ar an táille cuí a íoc.

<sup>60</sup> Alt 149 Acht na gCuideachtaí.

<sup>61</sup> Alt 149(5) Acht na gCuideachtaí.

**Clár Leasa na Stiúrthóirí agus na Rúnaithe<sup>62</sup>**

Ceanglaítear ar chuideachta clár a choimeád de leasa na stiúrthóirí agus na rúnaithe. Ba chóir go luaifí in ord ama ar an gclár cineál agus oiread leas gach stiúrthóir agus rúnaí i scaireanna agus i mbintíúirí agus go leagfaí amach a líon, a gcineál agus a luach i ndáil le scaireanna nó bintíúirí:

- sa chuideachta;
- i gcuideachta sealbhaíochta na cuideachta i.e. máthairchuideachta;
- i bhfochuideachta de chuid na cuideachta i.e. cuideachta atá faoi úinéireacht na cuideachta;
- sa dara fochuideachta de chuid na cuideachta sealbhaíochta i.e. comhchuideachta.

Tá ceangailte ar an gcuideachta an clár a chur ar fáil lena scrúdú ag comhalta ar bith nó ag sealbhóir bintíúir sa chuideachta. Is ar na stiúrthóirí agus ar an rúnaí an fhreagracht as leas atá le nochtadh a chur in iúl don chuideachta i scríbhinn<sup>63</sup>.

**Duine Cláraithe<sup>64</sup>**

Tugtar cead faoi Acht na gCuideachtaí do bhord stiúrthóirí cuideachta údarás a thabhairt do dhuine ar bith ceangal a chur ar an gcuideachta. Ní mór údarás ar bith den sórt sin a chur in iúl do Chláraitheoir na gCuideachtaí a dhéanfaidh an t-údarás a chlárú. Mar “dhuine cláraithe” a dhéantar tagairt faoi Acht na gCuideachtaí don té ag a bhfuil údarás den chineál sin ach an t-údarás sin cláraithe. Measfar i gcónaí gur duine cláraithe an té sin go dtí go gcuireann an chuideachta in iúl don Chláraitheoir go bhfuil an clárú le cur ar ceal.

**Clár na mBintíúrach<sup>65</sup>**

Go ginearálta, is iasacht bintíúir a thugtar do chuideachta i scríbhinn. Tá ceangailte ar gach cuideachta a eisíonn bintíúir clár bintíúrach a choimeád. Ní mór sonraí faoin ainm, faoin seoladh agus faoin tsuim i ndáil le gach bintíúrach a choimeád ar an gclár. Tá ceangailte ar an gcuideachta ionad an chláir a chur in iúl don Chláraitheoir agus an clár a chur ar fáil lena scrúdú do dhuine ar bith den phobal.

**Leabhair Miontuairiscí**

Éilítear ar gach cuideachta leabhar miontuairiscí a choimeád ina luaitear na himeachtaí uile ag cruinnithe ginearálta<sup>66</sup> maraon le téarmaí gach rún a ritear. Ba chóir cruinneas na miontuairiscí maidir le gach cruinniú a dheimhniú trí shíniúchán chathaoirleach an bhoird stiúrtha a chur leo.

Ní mór na leabhair ina mbreactar miontuairiscí faoi imeachtaí cruinnithe ginearálta a choimeád ag oifig chláraithe na cuideachta nó ag seoladh eile sa Stát agus iad a chur ar fáil lena scrúdú d’aon chomhalta den chuideachta.

Ar an gcaoi chéanna, ní mór don chuideachta leabhar miontuairiscí a choimeád maidir le cruinnithe uile bhord na stiúrthóirí chomh maith le cruinnithe fhochoistí de chuid an bhoird<sup>67</sup>.

Cé nach bhforordaítear faoi Acht na gCuideachtaí an t-eolas ar cheart tuairisc a bheith air sna miontuairiscí, leagtar amach in Aguisín B, de ghrá an léargais, an cineál eolais ba chóir, de réir sárnósanna oibre, a lua sna miontuairiscí.

<sup>62</sup> Alt 267 Acht na gCuideachtaí.

<sup>63</sup> Alt 261 Acht na gCuideachtaí.

<sup>64</sup> Alt 39 Acht na gCuideachtaí.

<sup>65</sup> Alt 1121 Acht na gCuideachtaí.

<sup>66</sup> Alt 199 Acht na gCuideachtaí.

<sup>67</sup> Alt 166 Acht na gCuideachtaí.



### Conarthaí Seirbhíse na Stiúrthóirí<sup>68</sup>

Tá ceangailte ar chuideachtaí eolas áirithe maidir le conarthaí seirbhíse stiúrthóirí (i.e. conarthaí fostaíochta na stiúrthóirí) a choimeád. Éilítear mar seo a leanas:

- i gcás stiúrthóir le conradh seirbhíse i scríbhinn, cóip den chonradh;
- i gcás stiúrthóir le conradh seirbhíse nach bhfuil i scríbhinn, meabhrán i scríbhinn ina leagtar amach téarmaí an chonartha;
- i gcás gach stiúrthóir atá fostaithe le fochuideachta de chuid na cuideachta faoi chonradh seirbhíse, cóip den chonradh nó meabhrán i scríbhinn ina leagtar amach téarmaí an chonartha;
- cóip nó meabhrán i scríbhinn, de réir mar is cuí, maidir le haon athrú ar aon chonradh seirbhíse dá dtagraítear sna trí fo-alt roimhe seo.

Éilítear ar an gcuideachta an t-ionad ina gcoimeádtar na doiciméid seo a chur in iúl don Cláráitheoir agus iad a chur ar fáil lena scrúdú ag aon chomhalta de chuid na cuideachta.

### Cóipeanna d'Ionstraimí lena gCruthaítear Muirear ar Mhaoin Sealbhais na Cuideachta<sup>69</sup>

Ceanglaítear ar chuideachtaí cóipeanna de gach ionstraim lena gcruthaítear muirear ar mhaoin sealbhais de chuid na cuideachta a choimeád taobh istigh den Stát. Ciallaíonn “muirear” morgáiste nó urrús de chineál eile faoin dlí a chruthaítear i ndáil le leas in aon mhaoin sealbhais, sócmhainn, nó gnóthas de chuid na cuideachta. Ní mór chomh maith gach muirear a chlárú le Cláráitheoir na gCuideachtaí. Ní mór cóipeanna de an doiciméid seo a chur ar fáil lena scrúdú ag aon chomhalta nó aon chreidiúnaí de chuid na cuideachta<sup>70</sup>.

### Conarthaí maidir le Scaireanna sa Chuideachta Féin a Cheannach<sup>71</sup>

Éilítear ar gach cuideachta a cheanglaíonn conradh maidir le scaireanna dá cuid féin a cheannach cóip den chonradh nó, sa chás nach conradh i scríbhinn atá ann, meabhrán faoi théarmaí an tsocraithe a choimeád ag an oifig chláráithe. Ní mór an conradh a choimeád go ceann 10 mbliana<sup>72</sup> ón dáta a ndéantar an conradh a chomhlíonadh go hiomlán. Tá ceangailte ar chuideachta doiciméid an chonartha a bheith ar fáil lena scrúdú<sup>73</sup> le linn uaireanta gnó ag gach comhalta den chuideachta agus, sa chás gur cuideachta phoiblí theoranta í, ag duine ar bith den phobal.

### Clár maidir le héadail dhaoine aonair agus ghrúpaí ar scaireanna (baineann le cuideachtaí poiblí teoranta (CPT) amháin)<sup>74</sup>

Tá dlíte ar aon duine a ghnóthaíonn leas i scaireanna nach lú ná 3% de chuideachta phoiblí theoranta fógra a thabhairt don chuideachta maidir leis an leas sin<sup>75</sup>. Tá dlíte ar chuideachta CPT clár a choimeád den éadail a dhéanann daoine aonair agus grúpaí ar scaireanna na cuideachta, trí ainm an duine, an t-eolas cuí agus dáta na hiontrála a bhreacadh síos.

### 2.10.6 Dualgas Doiciméid Áirithe a Chomhadú le Cláráitheoir na gCuideachtaí

Tá ceangailte faoin dlí ar chuideachtaí doiciméid áirithe a chomhadú le Cláráitheoir na gCuideachtaí. Tá doiciméid faoi leith nach mór don uile chuideachta iad a chomhadú gach bliain e.g. an tuarisceán bliantúil agus tá doiciméid eile nach gá iad a chomhadú ach amháin i gcásanna áirithe e.g. athrú stiúrthóra. Is féidir faoin tráth seo cuid mhór doiciméad a chlárú go leictreonach leis an gCláráitheoir. D'fhonn an bealach a réiteach don chomhadú leictreonach, tá deireadh curtha leis an ngá le

<sup>68</sup> Alt 154 Acht na gCuideachtaí.

<sup>69</sup> Alt 418 Acht na gCuideachtaí.

<sup>70</sup> Alt 216 (10) Acht na gCuideachtaí.

<sup>71</sup> Alt 105 Acht na gCuideachtaí.

<sup>72</sup> Alt 112 Acht na gCuideachtaí.

<sup>73</sup> Alt 112(2) Acht na gCuideachtaí.

<sup>74</sup> Alt 1061 Acht na gCuideachtaí.

<sup>75</sup> Alt 1049 Acht na gCuideachtaí.



síniúchán bunaidh (scríofa) ar dhoiciméid i gceangal leis na tuairisceáin bhliantúla ionas gur féidir anois an síniúchán a bheith i bhfoirm chlíchurtha. Tá eolas breise faoi chomhadú leictreonach ar fáil ar láithreán gréasáin an Chláraitheora ([www.cro.ie](http://www.cro.ie)).

Ó dhéantar iad seo a chomhadú leis an gCláraitheoir, is doiciméid phoiblí atá iontu agus iad ar fáil lena scrúdú san Oifig um Chlárú Cuideachtaí ag duine ar bith den phobal. Leagtar amach thíos liosta de na doiciméid is coitianta is gá a chlárú le Cláraitheoir na gCuideachtaí. Déantar tagairt, de réir mar is cuí, in áiteanna eile sa treoir seo do dhoiciméid eile nach gá a chlárú ach amháin i gcásanna faoi leith.

*Na doiciméid is coitianta is gá a chomhadú leis an gCláraitheoir*

- Tuairisceán Bliantúil (féach Aguisín A);
- Athrú maidir leis an oifig chláráithe;
- Fógra faoin gcaipiteal ainmniúil (údaraithe) a ardú;
- Athrú maidir le stiúrthóir agus/nó rúnaí nó maidir le sonraí ina leith;
- Dearbhú go bhfuil duine tar éis scor de bheith ina stiúrthóir nó ina rúnaí;
- Dearbhú go bhfuil údarás tugtha do dhuine ceangal a chur ar an gcuideachta;
- Fógra faoi mhorgáiste nó muirear a chruthú;
- Meabhrán maidir le muirear a ghlanadh;
- Gnáthrún (Féach Leabhrán Eolais 4 – Comhaltaí agus Scairshealbhóirí maidir le heolas breise.

### 2.10.7 Dualgas Cruinnithe Ginearálta na Cuideachta a Thionól

Tá ceangailte ar chuideachta cruinniú ginearálta bliantúil (CGB) a thionól gach bliain<sup>76</sup>. Tá cuideachtaí áirithe (mar shampla “cuideacha aon chomhalta amháin”<sup>77</sup> agus an chuideachta TEO<sup>78</sup>) a fhéadann tionól CGB a chur de leataobh, i gcás cuideachta TEO<sup>79</sup> sa chás go síníonn na comhaltaí ar fad atá i dteideal freastal ar an gcruinniú agus vótáil ag an gcruinniú rún i scríbhinn sa chéill sin roimh an dáta deiridh maidir le cruinniú a thionól. Is iondúil gur sa Stát a thionóltar CGB, mura dtoilíonn na comhaltaí ar fad atá i dteideal freastal ar an gcruinniú agus vótáil ag an gcruinniú lena thionól taobh amuigh den Stát. Ní mór fógra nach giorra ná 21 lá<sup>80</sup> maidir le CGB a thionól.

“Cruinniú ginearálta urghnách” (CGU)<sup>81</sup> a thugtar ar gach cruinniú ginearálta ag cuideachta seachas an cruinniú ginearálta bliantúil. Is féidir le stiúrthóirí cuideachta CGU a thionól tráth ar bith a meastar gur oiriúnach sin. Is féidir le comhalta nó comhaltaí ag a bhfuil 50% nó níos mó de scairchaipiteal íoctha na cuideachta CGU a thionól chomh maith (is féidir athrú a chur ar an gcéatadán sin i mbunreacht na cuideachta). Is féidir le comhaltaí ag a bhfuil 10% nó níos mó de scairchaipiteal íoctha na cuideachta a iarraidh ar na stiúrthóirí CGU a thionól. Is iondúil gur chun plé le gnó speisialta de chuid na cuideachta a thionóltar CGU. Ní mór fógra nach giorra ná 7 lá a thabhairt maidir le CGU a ghairm<sup>82</sup>.

Pléitear níos mine leis an ábhar seo in Leabhrán Eolais 4 – Comhaltaí agus Scairshealbhóirí.

<sup>76</sup> Alt 175 Acht na gCuideachtaí.

<sup>77</sup> Alt 196 Acht na gCuideachtaí.

<sup>78</sup> Is féidir le TEOanna CGBanna a ionadú le nós imeachtaí scríofa, de réir Alt 175(3) d’Acht na gCuideachtaí.

<sup>79</sup> Alt 175(3) Acht na gCuideachtaí.

<sup>80</sup> Alt 181 Acht na gCuideachtaí.

<sup>81</sup> Alt 177 Acht na gCuideachtaí.

<sup>82</sup> Alt 181 Acht na gCuideachtaí.



### 2.10.8 Dualgas Coiste Iniúchta a chur ar bun<sup>83</sup>

Ceanglaítear ar Chuideachtaí Poiblí Teoranta (CPT) Coiste Iniúchta a chur ar bun gan bheann ar iomlán an chláir chomhardaithe ná ar an láimhdeachas<sup>84</sup>.

Ní mór do bhord stiúrthóirí na gcuideachtaí ábartha<sup>85</sup> a shocrú an gcuirfear coiste iniúchta ar bun nó nach gcuirfear. Is gá tuairisc ar an socrú sin a thabhairt i ráitis airgeadais na cuideachta agus sa chás gur shocraigh an chuideachta gan coiste iniúchta a chur ar bun ní mór an chúis leis an socrú sin a lua.

Beidh ar a laghad aon stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách amháin ar an gCoiste Iniúchta ag cuideachta chomh maith le stiúrthóir atá inniúil ar chuntasaíocht nó ar iniúchóireacht. Áirítear ar na cúraimí a leagtar ar an gcoiste iniúchta faoin reachtaíocht:

- monatóireacht maidir leis an bpróiseas tuairiscíochta airgeadais;
- monatóireacht maidir le héifeachtúlacht chórais na cuideachta don rialú inmheánach, don iniúchadh inmheánach agus don bhainistíocht priacail;
- monatóireacht maidir leis an iniúchadh reachtúil ar ráitis airgeadais na cuideachta; agus
- athbhreithniú agus monatóireacht maidir le neamhspleáchas na n-iniúchóirí reachtúla agus go háirithe le seirbhísí breise a chur ar fáil don chuideachta.

## 2.11 Cumhachtaí Cuideachtaí

Déantar sainsonrú ar a bhfuil d'acmhainn ag cuideachta seachas cuideachta TEO sa chlársál aidhmeanna i mbunreacht na cuideachta. Leagtar amach a bhfuil d'acmhainn ag cuideachta TEO i mbunreacht na cuideachta. Ina ainneoin sin, ní féidir aon bheart a dhéanann cuideachta a thabhairt faoi cheist ar fhoras easpa cumais de bhíthin aon ní a luaitear ina cuid aidhmeanna ná sa bhunreacht.

Is féidir le comhalta cuideachta (seachas cuideachta TEO) imeachtaí a thionscnamh chun srian a chur ar chuideachta tabhairt faoi bheartaíocht atá thar a cumas. Tá de dhualgas ar na stiúrthóirí aird a thabhairt ar aon teorainn lena gcuid cumhachta a leagtar síos i mbunreacht na cuideachta.

<sup>83</sup> Alt 167 Acht na gCuideachtaí (mar a cuireadh in ionad Alt 9 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017).

<sup>84</sup> Alt 1097 Acht na gCuideachtaí (mar a cuireadh in ionad Alt 46 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017).

<sup>85</sup> Is é sainmhíniú in Alt 167 d'Acht na gCuideachtaí (árna leasú de A. 9 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht)) a thugtar ar chuideachta ábartha gur cuideachta í ar tharla le dhá bhliain airgeadais anuas iomlán an chláir chomhardaithe níos mó ná €25 milliún agus an láimhdeachas níos mó ná €50 milliún, nó cuideachta ag a bhfuil ceann nó níos mó ná ceann amháin d'fhoghnóthais a shásaíonn na critéir sin ar a n-áireamh le chéile.



## 3.0 Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí

### 3.1 Pionóis maidir le Cionta Coiriúla

#### Pionóis arna bhforcur ag Cúirt

Foráiltear faoi Acht na gCuideachtaí do chionta coiriúla de dhá chineál, cion achomair agus cion indíotáilte. Go ginearálta, meastar nach bhfuil cion achomair chomh tromchúiseach le cion indíotáilte agus déantar an cineál sin a thriail gan ghiúiré os comhair bhreitheamh de chuid na Cúirt Dúiche. Is iondúil a mheas gur tromchúisí an cion indíotáilte. Is féidir cion indíotáilte a thriail ar an modh céanna a dtriailtear cion achomair, is é sin os comhair bhreitheamh de chuid na Cúirt Dúiche gan ghiúiré. Tá de dhifríocht idir cion achomair agus cion indíotáilte áfach gur féidir cionta indíotáilte, as siocair a thromchúisí is atá siad, a thriail sa Chúirt Chuarda chomh maith, i.e. os comhair breithimh agus giúiré. Sa chás gur mar sin a dhéantar, deirtear go bhfuil an cion indíotáilte á ionchúiseamh ar díotáil. Sa chás go ndéantar cion a ionchúiseamh ar díotáil, is iondúil go mbíonn na pionóis a ndéantar foráil dóibh faoin dlí níos géire go mór ná mar a bheadh dá ndéanfaí an cion a ionchúiseamh go hachomair.

Faoi Alt 871 Acht na gCuideachtaí, dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 1 atá ann:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A<sup>86</sup> nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mí, nó iad araon, a chur air; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach airde ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air.

Go ginearálta, dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 2 atá ann:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mí, nó iad araon, a chur air; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach airde ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bhliana nó iad araon, a chur air.

Dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 3 atá ann ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air.

Dlifear an té atá ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a ndeirtear gur cion d'aicme 4 atá ann ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air.

Is féidir leis an gCúirt ina ndéantar ciontú i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a dhaingniú nó a thaifeadadh a ordú don té a chiontaítear an sárú a leigheas<sup>87</sup>.

Foráiltear, áfach, faoi Acht na gCuideachtaí do phionóis i bhfad níos géire i ndáil le cionta áirithe, mar shampla:

- An Treoir maidir le Trédhearcacht<sup>88</sup> – fíneáil suas le €1 milliún agus/nó 5 bhliana príosúnachta ar chiontú ar díotáil i gcion faoi dhlí na trédhearcachta (margaí rialáilte)<sup>89</sup>;

<sup>86</sup> Ciallaíonn “fíneáil d'aicme A”, tráth a fhoilsithe seo, fíneáil nach mó ná €5,000 (Foinse: An tAcht Fineálacha 2010).

<sup>87</sup> Alt 872 Acht na gCuideachtaí.

<sup>88</sup> Na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE) 2007 – I.R. Uimh. 277 de 2007.

<sup>89</sup> Alt 1382 Acht na gCuideachtaí.



- An Treoir maidir le Réamheolaire<sup>90</sup> – fíneáil suas le €1 milliún agus/nó 5 bhliana príosúnachta ar chiontú ar díotáil i gcion faoi dhlí na hÉireann maidir le réamheolaire<sup>91</sup>;
- An Treoir maidir le Drochúsáid Margaidh<sup>92</sup> – fíneáil suas le €10 milliún agus/nó 10 mbliana príosúnachta ar chiontú ar díotáil i gcion faoi dhlí na hÉireann maidir le drochúsáid margaidh<sup>93</sup>.

## 3.2 Pionóis Shibhialta

### Dícháiliúchán

Chomh maith le fíneáil agus pionóis i ndáil le cionta coiriúla, déantar foráil chomh maith do phionóis eile faoi Acht na gCuideachtaí, mar shampla dícháiliúchán agus srianadh.

Ciallaíonn dícháiliúchán go ndéanfaí duine a dhícháiliú óna cheapadh nó a ceapadh ina stiúrthóir nó ó ghníomhú mar stiúrthóir nó oifigeach eile, mar iniúchóir reachtúil, mar ghlacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir nó ó bheith ar bhealach ar bith, go díreach nó go hindíreach, bainteach nó páirteach le tionscnamh, foirimíú nó bainistíocht aon chuideachta<sup>94</sup>.

Is féidir duine a dhícháiliú de trí:

- (a) Ordú Dícháiliúcháin ón gcúirt; nó
- (b) Glacadh le Gealltanais Dícháiliúcháin – trína ngéilleann an duine a bheith faoi réir dícháiliúcháin, trí ghlacadh le gealltanais dícháiliúcháin forordaithe agus a shíniú.

### Dícháiliúchán sa Ghnáthchúrsa<sup>95</sup>

Déanann an chúirt duine a dhícháiliú sa ghnáthchúrsa sa chás go ndéantar an duine sin a chiontú ar díotáil:

- i gcion ar bith faoi Acht na gCuideachtaí nó faoi aon achtachán eile i ndáil le cuideachta mar a fhorordaítear; nó
- i gcion ar bith lena ngabhann calaois nó mímhacántacht;

Ar dhuine a dhícháiliú don chúirt, bíonn an duine sin faoi réir ag ordú dícháiliúcháin ar feadh tréimhse 5 bhliana nó tréimhse eile arna sonrú ag an gcúirt. Tá dlite ar an gcúirt sonraí faoin ordú dícháiliúcháin a chur chuig Cláráitheoir na gCuideachtaí ionas go luaitear na sonraí a chuirtear ar fáil ar chlár poiblí na ndaoine dícháilithe<sup>96</sup>.

Is féidir leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach freisin iarratas a dhéanamh leis na Cúirteanna ag iarraidh go ndéanfaí duine a dhícháiliú ar fhorais áirithe<sup>97</sup>, ina measc:

- ciontacht i dhá chion nó líon is mó ná dhá chion i ndáil le taifid (alt 286), nó;
- ciontacht i mainneachtainí go rómhinic faoi Acht na gCuideachtaí;
- ciontacht i dtrádáil chialaoiseach nó mheargánta le linn fónamh mar oifigeach cuideachta.

<sup>90</sup> Na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE) 2005 – I.R. Uimh. 324 de 2005.

<sup>91</sup> Alt 1356 Acht na gCuideachtaí.

<sup>92</sup> Na Rialacháin um Dhrochúsáid Margaidh (Treoir 2003/6/CE) 2005 – I.R. Uimh. 342 de 2005.

<sup>93</sup> Alt 1368 Acht na gCuideachtaí.

<sup>94</sup> Alt 838 Acht na gCuideachtaí.

<sup>95</sup> Alt 839 Acht na gCuideachtaí.

<sup>96</sup> Altanna 863 & 864 Acht na gCuideachtaí.

<sup>97</sup> Alt 842 Acht na gCuideachtaí.





### Gealltanais Dícháiliúcháin<sup>98</sup>

Nós imeachta nua riaracháin atá anseo trína bhfuil rogha ar fáil ag duine (sa chás go bhfuil an Stiúrthóir den tuairim go bhfuil cúinsí áirithe i gceist i ndáil leis an duine sin) géilleadh do dhícháiliúchán gan gá le héisteacht cúirte. Is féidir leas a bhaint as an nós imeachta seo sa chás go bhfuil cúiseanna réasúnacha ag an Stiúrthóir lena cheapadh go bhfuil cúinse nó cúinsí acu sin a leagtar amach in alt 842(a) go dtí (i) d’Acht na gCuideachtaí ag baint le cás an duine<sup>99</sup>. Is féidir leis an Stiúrthóir um Fhorfeidhmiú Corparáideach, de réir a thola féin, deis a thairiscint do dhuine géilleadh do dhícháiliúchán. Sa chás go ngéilleann duine do “ghealltanais dícháiliúcháin” agus go seoltar ar ais an cháipéis ina nglactar leis an dícháiliúchán, arna síniú go cuí, chuig an Stiúrthóir, meastar gur duine dícháilithe an duine sin. Tá dlite ar an Stiúrthóir sonraí faoin dícháiliúchán a chur faoi bhráid Chláraitheoir na gCuideachtaí, lena lua ar chlár poiblí na ndaoine dícháilithe<sup>100</sup>.

### Srianadh

Baineann na forálacha i ndáil le srianadh ar stiúrthóirí cuideachta<sup>101</sup> le cuideachtaí dócmhainneacha, i.e. cuideachtaí nach bhfuil in acmhainn a gcuid fiach a ghlanadh<sup>102</sup> de réir mar a bhíonn dlite. Sa chás go dtéann cuideachta faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht agus go bhfuil an chuideachta dócmhainneach, is féidir stiúrthóir de chuid na cuideachta, a dteipeann air nó uirthi a dheimhniú don Stiúrthóir um Fhorfeidhmiú Corparáideach nó don Chúirt go ndearna sé nó sí go macánta agus go cúramach, a shrianadh go ceann tréimhse suas le cúig bhliana.

### Gealltanais maidir le Srianadh<sup>103</sup>

Nós imeachta nua riaracháin atá anseo trína bhfuil rogha ar fáil ag duine géilleadh do shrianadh gan gá le héisteacht cúirte. Is féidir leis an Stiúrthóir, de réir a thola féin, deis a thairiscint do stiúrthóir ar chuideachta dhócmhainneach géilleadh do shrianadh. Beidh san áireamh leis an tairiscint na cúinsí, na fórais agus na líomhaintí ba chúis leis an Stiúrthóir a theacht ar an tuairim gur cuí an srianadh.

Sa chás go nglacann an duine leis an srianadh agus go seoltar ar ais an cháipéis ina nglactar leis an srianadh, arna síniú go cuí, chuig an Stiúrthóir, seolfaidh an Stiúrthóir sonraí faoin “ngealltanais maidir le srianadh” chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí, lena lua ar chlár poiblí na ndaoine a bhfuil srian orthu<sup>104</sup>.

Cuireann srianadh den sórt sin cosc ar dhuine óna cheapadh nó a ceapadh ina stiúrthóir nó ó ghníomhú ar bhealach ar bith, go díreach nó go hindíreach, mar stiúrthóir nó rúnaí, agus ó bheith bainteach nó páirteach le foirimíú nó chur chun cinn aon chuideachta mura bhfuil an chuideachta caipitlithe go leormhaith<sup>105</sup>. I gcás cuideachta poiblí teoranta (seachas cuideachta infheistíochta), is ionann an ceanglas caipitil agus €500,000 de scairchaipiteal íoctha leithroinnte, agus i gcás cuideachta de chineál ar bith eile, is ionann an ceanglas caipitil agus €100,000. Bíonn cuideachta den sórt sin faoi réir rialacha níos géire freisin i ndáil le cothabháil caipitil.

Measfar, gan cruthúnas ar aon ní eile, Acht na gCuideachtaí a bheith sáraithe ag duine a leanann in oifig mar stiúrthóir ar chuideachta ar an srianadh a theacht i gcrích gan an chuideachta caipitlithe go leormhaith, agus déanfar an duine sin a dhícháiliú sa ghnáthchúrsa ó bheith ina stiúrthóir. Pléitear srianadh go mion in Aguisín B le Leabhrán Eolais 2.

<sup>98</sup> Alt 849 Acht na gCuideachtaí.

<sup>99</sup> Is iad na cúinsí iad seo a dtiocfadh ordú dícháiliúcháin dá mbarr dá mbeadh an chúirt cinnte go raibh siad i bhfeidhm, agus leagtar amach iad in alt 862 Acht na gCuideachtaí.

<sup>100</sup> Alt 864 Acht na gCuideachtaí.

<sup>101</sup> Altanna 819 & 820 Acht na gCuideachtaí.

<sup>102</sup> Alt 570 Acht na gCuideachtaí.

<sup>103</sup> Alt 852 Acht na gCuideachtaí.

<sup>104</sup> Alt 823 Acht na gCuideachtaí.

<sup>105</sup> Alt 819(3) Acht na gCuideachtaí.

Beidh an té a fheidhmíonn ar bhealach nó i gcáil i ndáil le cuideachta ar bith ainneoin cosc air nó uirthi sin a dhéanamh, de bharr (a) ordú dícháiliúcháin, nó (b) dearbhú srianta a bheith tugtha ina leith, ciontach i gcion d'aicme 2<sup>106</sup>.

### Cuideachta a Bhaint den Chlár <sup>107</sup>

Is féidir le Cláraitheoir na gCuideachtaí fógra a thabhairt go bhfuil i gceist cuideachta a bhaint den chlár ar fhoras ar bith díobh seo a leanas:

- gur loic an chuideachta tuairisceán bliantúil a thabhairt mar atá dlite; nó,
- nach bhfuil duine ar bith ar taifead mar stiúrthóirí reatha ag an gcuideachta; nó,
- go bhfuil fógra tugtha ag na Coimisinéirí Ioncaim gur loic an chuideachta ráiteas sonraí ó chuideachta nua a chur ar fáil; nó,
- go bhfuil cúis réasúnach ag an gCláraitheoir lena cheapadh nach bhfuil an coinníoll á shásamh ag an gcuideachta go mbeadh cónaí ar stiúrthóir de chuid na cuideachta i stát de chuid LEE nó nach bhfuil an banna ar seilbh ag cuideachta is gá sa chás nach ann do stiúrthóir den sórt<sup>108</sup>; nó,
- go bhfuil an chuideachta á foirceannadh agus go bhfuil cúis réasúnach ag an gCláraitheoir lena cheapadh nach bhfuil aon leachtaitheoir i mbun feidhme; nó
- go bhfuil an chuideachta á foirceannadh agus gan tuairisceán tugtha ag an leachtaitheoir ar feadh tréimhse 6 mhí as a chéile.

Sa chás go ndéantar cuideachta a bhaint den chlár, aistrítear úinéireacht shócmhainní na cuideachta sa ghnáthchúrsa go dtí an Stát. Is ag an Stát atá úinéireacht orthu go dtí tráth a gcuirfí ainm na cuideachta ar ais ar an gclár. An fhaid a bhíonn an chuideachta bainte den chlár, leanann dliteanas gach stiúrthóra, oifigigh agus comhalta den chuideachta agus is féidir a fhorghníomhú<sup>109</sup> amhail is dá mbeadh an chuideachta gan díscáileadh.

Pléitear na gnáis oibre atá de dhíth maidir le hainm cuideachta a chur ar ais ar an gclár in Aguisín A le Leabhrán Eolais 1 – An Chuideachta. Tá eolas sonrach mioninste faoi ainm cuideachta a chur ar ais ar an gClár ar fáil ar láithreán gréasáin Chláraitheoir na gCuideachtaí – [www.cro.ie](http://www.cro.ie)

<sup>106</sup> Alt 855 Acht na gCuideachtaí.

<sup>107</sup> Alt 725 Acht na gCuideachtaí.

<sup>108</sup> Alt 137 Acht na gCuideachtaí.

<sup>109</sup> Alt 734 Acht na gCuideachtaí.





## Aguisín A

### An Tuairisceán Bliantúil (Foirm B1)

#### Réamhrá

Tá dlite ar gach cuideachta tuairisceán bliantúil a chur faoi bhráid Chláraitheoir na gCuideachtaí gach bliain<sup>110</sup>. Éilítear an Tuairisceán Bhliantúil a chur faoi bhráid san fhormaid fhorordaithe (Foirm B1) agus an t-eolas éigeantach a bheith ann agus na doiciméid riachtanacha a bheith ceangailte leis. Níl dlite ar an gcuideachta atá ag comhadú an chéad tuairisceán bliantúil ráitis airgeadais reachtúla ná doiciméid eile a cheangal leis<sup>111</sup>.

Ní mór an tuairisceán bliantúil a ríomh anuas go dtí dáta nach deireanaí ná ‘dáta tuairisceáin bhliantúil’ na cuideachta<sup>112</sup>. Is é Dáta an Tuairisceáin Bhliantúil (DTB) an dáta a shocraíonn Cláraitheoir na gCuideachtaí don chuideachta maidir leis an tuairisceán bliantúil a chomhadú. Tá an DTB bunaithe ar dháta chorprú na cuideachta agus/nó ar chothrom bliain ó am thuairisceán bliantúil na bliana roimhe sin. Tá breis eolais ar fáil ó Chláraitheoir na gCuideachtaí ([www.cro.ie](http://www.cro.ie)).

Ní mór an tuairisceán bliantúil a chur faoi bhráid an Chláraitheora i gcomhréir leis an bhfráma ama atá leagtha amach faoi d’Acht na gCuideachtaí. Sa chás go dteipeann ar chuideachta sin a dhéanamh, tá sárú á dhéanamh ag an gcuideachta, ag gach oifigeach (gach stiúrthóir san áireamh) de chuid na cuideachta atá ag mainneachtain agus ag aon duine ar de réir a gcuid treoracha is gnáth le stiúrthóir na cuideachta gníomhú agus ar féidir an mhainneachtain a chur i leith a gcuid treoracha nó neamhghníomhartha, ar a leagtar de dhualgas orthu faoi Acht na gCuideachtaí.

Ar na pionóis maidir le mainneachtain tuairisceán bliantúil a chomhadú nó tuairisceán a chomhadú go mall, tá fíneáil, ionchúiseamh agus an chuideachta a bhaint de chlár na gcuideachtaí. Sa chás go mbaintear cuideachta de chlár na gcuideachtaí i ndáil le mainneachtain tuairisceán bliantúil a chomhadú, leanann an dliteanas, más ann dó, ar gach stiúrthóir, oifigeach eile agus comhalta de chuid na cuideachta agus is féidir a chur i bhfeidhm ainneoin nach bhfuil an chuideachta díscailte<sup>113</sup>.

Sa chás gur éagóir le haon chomhalta, oifigeach nó creidiúnaí de chuid na cuideachta an chuideachta a bhaint den chlár, is féidir leo iarratas a dhéanamh le Cláraitheoir na gCuideachtaí ag iarraidh go gcuirfí an chuideachta ar ais ar an gclár<sup>114</sup> taobh istigh de 12 mí den tráth a mbaintear den chlár í. Ar choinníoll go mbíonn an Cláraitheoir cinnte go bhfuil na doiciméid ar fad a bhí in easnamh comhadaithe agus go bhfuil na táillí ar fad a bhí dlite íoctha, is féidir léi/leis an chuideachta a chur ar ais ar an gclár. Sa chás go gcuireann an Cláraitheoir an chuideachta ar ais ar an gclár, meastar gur lean an chuideachta i bhfeidhm mar a bheadh sí gan a baint den chlár riamh<sup>115</sup>.

Ó bhíonn an tréimhse 12 mí dá dtagraítear thuas caite, is féidir le comhalta, oifigeach nó creidiúnaí ar bith de chuid na cuideachta iarratas a dhéanamh leis an gCúirt<sup>116</sup> ag iarraidh go gcuirfí an chuideachta ar ais<sup>117</sup> ar an gclár (ar choinníoll go ndéantar an t-iarratas taobh istigh de 20 bliain ó baineadh an chuideachta den chlár). Sa chás gurb é breith na Cúirte gur cheart agus gur chóir an

<sup>110</sup> Alt 343(2) Acht na gCuideachtaí.

<sup>111</sup> Alt 349 Acht na gCuideachtaí.

<sup>112</sup> Alt 345 Acht na gCuideachtaí.

<sup>113</sup> Alt 734 Acht na gCuideachtaí.

<sup>114</sup> Alt 737 Acht na gCuideachtaí.

<sup>115</sup> Alt 737(5) Acht na gCuideachtaí.

<sup>116</sup> Alt 743 Acht na gCuideachtaí – Ciallaíonn an Chúirt an Ard-Chúirt nó an Chúirt Chuarda.

<sup>117</sup> Alt 738 Acht na gCuideachtaí.



chuideachta a chur ar ais ar an gclár<sup>118</sup>, meastar gurbh ann don chuideachta go leanúnach mar a bheadh gan a baint den chlár riamh. Is féidir leis an gCúirt áfach a ordú freisin, má mheastar gur chuí sin, na hoifigigh, nó aon duine ar bith de na hoifigigh, a chur faoi dhliteanas maidir le fiacha ar bith a thabhaigh an chuideachta i rith na tréimhse a rabhtas bainte den chlár<sup>119</sup>.

Tá síneadh go dtí 6 bliana curtha leis an tréimhse chun iarratas a dhéanamh le Cláraitheoir na gCuideachtaí maidir le Cuideachta Bainistithe Maoine a chur ar ais ar an gclár faoin Acht um Fhorbairtí Ilaonad 2011<sup>120</sup>. D'fhéadfadh coinníollacha riaracháin eile a bheith i gceist freisin le cásanna den chineál sin. Tá breis eolais ar fáil ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí, ar [www.cro.ie](http://www.cro.ie).

### Eolas is gá a thabhairt sa Tuairisceán Bliantúil

Ní mór an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil don Chláraitheoir i dtuairisceán bliantúil na gcuideachtaí:

- Ainm na Cuideachta agus foirm dhlíthiúil na cuideachta;
- Áit clárúcháin agus uimhir chláráithe (cuireann an Cláraitheoir an uimhir seo ar fáil nuair a chorpraítear an chuideachta);
- Dáta an Tuairisceáin Bhliantúil (i.e. dáta an tuairisceáin bhliantúil mura ndéantar athrú ina leith sin i gcomhréir le halt 346);
- An bhliain airgeadais atá faoi chaibideal sa tuairisceán (i.e. ráitis airgeadais a leagadh nó atá le leagan faoi bhráid CGB na cuideachta a tionóladh i rith na tréimhse lena mbaineann an Tuairisceán Bliantúil);
- Seoladh na hoifige cláráithe;
- Seoltaí eile (ní mór iad seo a lua sa chás nach ag an oifig chláráithe a choimeádtar na cláir reachtúla);
- Ainm agus seoladh rúnaí na cuideachta;
- Sonraí faoi aon ranníocaíochtaí polaitíochta a rinne an chuideachta;
- An scairchaipiteal údaraithe\*;
- An scairchaipiteal eisithe\*;
- Liosta na gcomhaltaí;
- Liosta na ndaoine a scoir de bheith ina gcomhaltaí ó thráth an tuairisceáin roimhe sin\*;
- Sonraí faoi na scaireanna a aistríodh ó thráth an tuairisceáin roimhe seo\*;
- Ainmneacha na stiúrthóirí;
- Dátaí breithe na stiúrthóirí;
- Seoltaí na stiúrthóirí;
- Slite beatha na stiúrthóirí;
- Sonraí faoi stiúrthóireachtaí eile na stiúrthóirí;

\* *Dlíte i gcás cuideachtaí le scairchaipiteal amháin*

<sup>118</sup> Alt 741 Acht na gCuideachtaí.

<sup>119</sup> Alt 742(c) Acht na gCuideachtaí.

<sup>120</sup> Ní cuid d'Acht na gCuideachtaí an tAcht um Fhorbairtí Ilaonad 2011 agus dá réir sin, níl páirt ar bith ag an ODCE san fhorfheidhmiúchán maidir le haon ghné den Acht sin.



## Doiciméid atá le ceangal leis an tuairisceán bliantúil mar a leagadh nó atá le leagan faoi bhráid an CGB<sup>121</sup>

- ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta;
- tuarascáil na stiúrthóirí, aon tuarascáil ó stiúrthóirí grúpa san áireamh, agus
- tuarascáil na n-iniúcháirí reachtúla maidir leis na ráitis airgeadais sin agus leis an tuarascáil sin ó na stiúrthóirí.

## Díolúine ó Chomhadú atá ar fáil ag Cuideachtaí Sonrach

Bíonn díolúine ar fáil ag cuideachtaí áirithe bunaithe ar mhéid a fhágann nach móide go mbeadh gá dóibh gach doiciméid a leagtar amach thuas a chur ar fáil don Chláraitheoir.

### Cuideachta Mhicro<sup>122</sup>

Bíonn na coinníollacha cáiliúcháin bunaithe ar mhéid sásaithe ag Cuideachta Mhicro i ndáil leis an mbliaín airgeadais má cáilíonn sé don córas cuideachta beaga, agus sásaíonn sé ar a laghad 2 de na coinníollacha seo a leanas:

- Ní mó ná €700,000 láimhdeachas;
- Ní mó ná €350,000 iomlán an chláir chomhardaithe;
- Ní mó ná 10 meánlón fostaithe.

Tá ceangailte ar chuideachtaí cáilithe mar Cuideachta Micrea agus a bhaineann leas as na díolúintí<sup>123</sup> atá ar fáil ráitis airgeadais ghiorraithe<sup>124</sup> a cheangal leis an tuairisceán bliantúil. Sleachta as ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta a bheidh sa leagan giorraithe de na ráitis airgeadais agus tabharfaidh siad léargas<sup>125</sup> fíor agus cothrom ar na sócmhainní, na dliteanais agus an staid airgeadais. Tugtar san áireamh clár comhardaithe agus líon beag nótaí. Ní gá do chuideachta mhicro tuarascálacha stiúrthóirí a ullmhú má sholáthraítear an fhaisnéis maidir le scaireanna féin a fháil nó a dhiúscairt<sup>126</sup> i nóta don chlár comhardaithe. Tuilleadh eolais ar fáil ó láithreán gréasáin an OCC: <https://www.cro.ie/Annual-Return/Financial-Statements-Requirements/Micro-Company>

### Cuideachta Bheaga<sup>127</sup>

Bíonn na coinníollacha cáiliúcháin bunaithe ar mhéid sásaithe ag Cuideachta Bheaga i ndáil leis an mbliaín airgeadais má sásaíonn sé ar a laghad 2 de na coinníollacha seo a leanas:

- Ní mó ná €12 milliún láimhdeachas;
- Ní mó ná €6 milliún iomlán an chláir chomhardaithe;
- Ní mó ná 50 meánlón fostaithe.

<sup>121</sup> Alt 347 Acht na gCuideachtaí (mar a cuireadh in ionad Alt 50 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017).

<sup>122</sup> Alt 280(D) Acht na gCuideachtaí (mar a leasú le hAlt 15 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017, a chuir isteach Caibidil nua 1A).

<sup>123</sup> Altanna 352 & 353 d'Acht na gCuideachtaí (mar a leasú de altanna 51 agus 52 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017).

<sup>124</sup> Alt 353 Acht na gCuideachtaí (mar a leasú le hAlt 52 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017).

<sup>125</sup> Alt 291 d'Acht na gCuideachtaí (mar a leasú le hAlt 17 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017)

<sup>126</sup> Alt 328 d'Acht na gCuideachtaí (mar a leasú le hAlt 44 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017)

<sup>127</sup> Alt 280A d'Acht na gCuideachtaí (mar a leasú le hAlt 15 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017, a chuir isteach Caibidil nua 1A).



Tá ceangailte ar chuideachtaí cáilithe mar Cuideachta Bheaga agus a bhaineann leas as na díolúintí<sup>128</sup> atá ar fáil ráitis airgeadais ghiorraithe<sup>129</sup> a cheangal leis an tuairisceán bliantúil. Sleachta as ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta a bheidh sa leagan giorraithe de na ráitis airgeadais na cuideachta. Tugtar san áireamh clár comhardaithe agus líon beag nótaí. Tuilleadh eolais ar fáil ó láithreán gréasáin an OCC: <https://www.cro.ie/Annual-Return/Financial-Statements-Requirements/Small-Company>

#### **Grúpa Beag (cuideachta shealbhaíochta)<sup>130</sup>**

Bíonn na coinníollacha cáiliúcháin faoi réimse na gcuideachta bheaga sásaithe ag grúpa beag i ndáil leis an mbliain airgeadais má cáilíonn an cuideachta shealbhaíochta agus gach ball den grúpa mar cuideachta bheaga. Sásaítear na coinníollacha um ghrúpa bheaga má sásaíonn sé 2 de na coinníollacha seo a leanas:

- nach airde láimhdeachas comhiomlán grúpa €12 million glan (nó €14m comhlán);
- nach airde iomlán an chláir comhardaithe comhiomlán grúpa ná €6m glan (nó 7.2m comhlán);
- nach mó ná 50 meánlíon na bhfostaithe comhiomlán grúpa;

Tá cuideachta shealbhaíochta a cháilíonn don chóras cuideachtaí beag nó micrea díolmhaithe ón gceanglas ráitis airgeadais grúpa a ullmhú<sup>131</sup>. Ina theannta sin, féadfaidh grúpa beag a bheith incháilithe chun leas a bhaint as díolúine iniúchta<sup>132</sup>.

#### **Cuideachta Meánmhéide<sup>133</sup>**

Bíonn na coinníollacha cáiliúcháin sásaithe ag cuideachta meánmhéide i ndáil leis an mbliain airgeadais ina sásaítear 2 ar a lagad de na coinníollacha seo a leanas:

- Láimhdeachas nach mó ná €40m;
- Iomlán an chláir chomhardaithe nach mó ná €20m;
- Meánlíon fostaithe nach mó ná 250.

Tá ceangailte ar chuideachtaí meánmhéide sraith iomlán ráitis airgeadais a chomhdú. Éilítear ar roinnt cuideachtaí meánmhéide ráiteas géilliúntais stiúrthóra<sup>134</sup> a ullmhú más mó ná €12.5m ar a gclár comhardaithe agus is mó ná €25m an láimhdeachas. Tá siad díolmhaithe ón gceanglas a nochtadh: (a) athbhreithniú gnó i dtuarascáil na stiúrthóirí, agus (b) luach saothair maidir le hobair iniúchta agus iniúchta a bhaineann sna nótaí leis na ráitis airgeadais<sup>135</sup>.

<sup>128</sup> Alt 352 d'Acht na gCuideachtaí (mar a leasú le hAlt 51 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017)

<sup>129</sup> Alt 353 d'Acht na gCuideachtaí (mar a leasú le hAlt 52 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017).

<sup>130</sup> Altanna 280B and 280E d'Acht na gCuideachtaí (mar a leasú le Alt 15 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017, a chuir isteach Caibidil nua 1A).

<sup>131</sup> Alt 293 d'Acht na gCuideachtaí (mar a leasú le hAlt 19 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017).

<sup>132</sup> Alt 359 d'Acht na gCuideachtaí (mar a leasú le hAlt 57 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017).

<sup>133</sup> Alt 280F d'Acht na gCuideachtaí (mar a leasú le Alt 15 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017, a chuir isteach Caibidil nua 1A).

<sup>134</sup> Alt 225(2) Acht na gCuideachtaí.

<sup>135</sup> Alt 322 d'Acht na gCuideachtaí (mar a leasú le hAlt 38 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht) 2017 agus le hAlt 6 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla) 2018).

**Grúpa Meánmhéide (cuideachta shealbhaíochta)<sup>136</sup>**

- nach airde láimhdeachas comhiomlán grúpa €40 million glan (nó €48m comhlán);
- nach airde iomlán an chláir comhardaithe comhiomlán grúpa ná €20m glan (nó 24m comhlán);
- nach mó ná 250 meánlíon na bhfostaithe comhiomlán grúpa.

Tá ceangailte ar chuideachtaí *shealbhaíochta* meánmhéide sraith iomlán ráitis airgeadais a chomhdú.

Tuilleadh eolais ar fáil ó láithreán gréasáin an OCC: <https://www.cro.ie/Annual-Return/Financial-Statements-Requirements/Medium-Company>

**Leasú deonach ar ráitis airgeadais reachtúla atá lochtach<sup>137</sup>**

Sa chás go dtagann stiúrthóirí cuideachta ar an tuiscint go bhfuil na ráitis airgeadais i ndáil le haon bhliain faoi leith lochtach, sa mhéid is nach sásaíonn siad a n-éiltear faoi Acht na gCuideachtaí nó, nuair atá feidhm leis sin, Airteagal 4 de Rialachán CIC, is féidir leis na stiúrthóirí ráitis airgeadais leasaithe nó tuarascáil stiúrthóirí leasaithe a ullmhú i ndáil leis an mbliain sin.

- Sa chás go ndearnadh an “bunleagan” de na ráitis airgeadais nó an “bunleagan” de thuarascáil na stiúrthóirí a leagan faoi bhráid CGB na cuideachta nó a chur ar fáil don Chláraitheoir, ní dhéantar leasú ar dhoiciméad seachas an chuid sin de nach sásaíonn Acht na gCuideachtaí nó, nuair atá feidhm leis sin, Airteagal 4 de Rialachán CIC, maille le haon leasú eile atá riachtanach dá thoradh sin.
- Sa chás go mbaineann an chúis le leasú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais reachtúla le heolas sna nótaí leis na ráitis sin a fágadh ar lár nó a bhí míchruinn nó neamhiomlán, is féidir leasú den sórt sin a dhéanamh le nóta breisitheach ar choinníoll nach gcuireann an leasú isteach ar na suimeanna ná ar chur i láthair na ráiteas sin, agus má chuireann, ní mór ráitis airgeadais leasaithe a ullmhú.
- Sa chás go mbaineann an chúis le leasú a dhéanamh ar thuarascáil stiúrthóirí le heolas a fágadh ar lár nó a bhí míchruinn nó neamhiomlán agus nach gcuireann an t-eolas breise isteach ar eolas eile sa tuarascáil, is féidir leasú den sórt sin a dhéanamh le nóta breisitheach, agus má chuireann, ní mór tuarascáil stiúrthóirí leasaithe a ullmhú.

Sa chás go ndéantar na ráitis airgeadais reachtúla maidir le bliain airgeadais faoi leith a leasú, ní mór a lua sna ráitis airgeadais reachtúla a ullmhaítear tar éis dháta an leasaithe go ndearnadh na ráitis airgeadais roimhe sin a leasú agus sonraí faoin leasú, faoin toradh a bhí air agus faoi na cúiseanna a bhí leis a lua i nóta leis na ráitis airgeadais.

<sup>136</sup> Alt 280F agus 280G d’Acht na gCuideachtaí (mar a leasú le Alt 15 d’Acht na gCuideachtaí (Cuntasáíocht) 2017, a chuir isteach Caibidil nua 1A).

<sup>137</sup> Alt 366 Acht na gCuideachtaí.



### Léiriú ar Chineál agus ar Ábhar Mhiontuairiscí Chruinnithe Ginearálta

Éilítear ar chuideachtaí faoi Acht na gCuideachtaí miontuairiscí a choinneáil ar imeachtaí uile na gcruinnithe ginearálta agus ní mór na téarmaí maidir le gach rún a chur síos i leabhair a choinnítear chun na críche sin<sup>138</sup>. Sa chás nach gcoinníonn cuideachta miontuairiscí ar chruinnithe nó ar rúin na cuideachta, beidh an chuideachta agus aon oifigeach atá ag mainneachtain ciontach i gcion d'aicme 4.

Ní luaitear go sonrath in Alt 199 an t-eolas ba chóir a bhreacadh sna miontuairiscí. Ina ainneoin sin, ba chóir go mbeadh na miontuairiscí ina léiriú cruinn ar ar tharla ag cruinniú. Dá réir sin, moltar go ndéanfaí, ar a laghad, an t-eolas seo a leanas a bhreacadh sna miontuairiscí.

#### Cruinnithe Ginearálta de chuid an Cuideachta

- Dáta, tráth agus ionad an chruinnithe;
- Ainmneacha na stiúrthóirí agus an rúnaí a bhí i láthair;
- Stiúrthóirí etc. a chuir leithscéal mar gheall nach bhféadfaidís a bheith i láthair;
- Ainm an té a rinne cathaoirleacht ar an gcruinniú (Cathaoirleach);
- Ainmneacha dhaoine eile a bhí i láthair (ag an m'bord tosaigh) agus an oifig ina dtáinigsiad i láthair;
- Aontú miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo agus aon cheartúchán a iarradh;
- Mionsonraí faoi dhoiciméad nó páipéar ar bith a cuireadh síos lena meas ag na comhaltaí, teideal agus údar dhoiciméad ar bith den sórt sin san áireamh. Ní mór doiciméid ar bunaithe orthu atá aon rún ag an gcruinniú, mar shampla na ráitis airgeadais agus tuarascáil an iniúcháora (nuair is cuí), a scaipeadh ar na comhaltaí roimh an gcruinniú chun deis a thabhairt dóibh staidéar a dhéanamh orthu;
- Mionsonraí faoi rúin a cuireadh os comhair na gcomhaltaí le vótáil orthu, ainmneacha na ndaoine a mhol agus a chuidigh leis na rúin san áireamh;
- Mionsonraí faoi aon choimhlint leasa a dhearbhaigh stiúrthóirí agus tuairisc an ndearna siad, mar shampla, séanadh páirt a ghlacadh in aon phlé, staonadh ó aon vótáil a rinneadh nó iad féin a thabhairt ar shiúl ón gcruinniú fad a bhí aon phlé ar an ábhar;
- Ba chóir cuntas a choinneáil ar na tuairimí a chuir gach duine in iúl a labhair agus ábhar á phlé, agus, mar shampla, ceisteanna a chuir comhaltaí ón urlár ar an mbord san áireamh maille leis na freagraí a tugadh. Cé gur féidir achoimre a thabhairt sna miontuairiscí ar an ábhar a cuireadh i láthair, ba chóir go mbeadh an achoimre sin ina cuntas cruinn ar a raibh á chur in iúl. Sa chás go n-iarrann comhalta den bhord go sonrath go dtugtar miontuairisc ar a ndeir sé nó sí, e.g. sa chás go mbíonn easaontas i gceist, ba chóir cúram faoi leith a dhéanamh dá chinntiú gur cruinn beacht an léargas na miontuairiscí ar an méid a cuireadh i láthair;
- Torthaí aon bheart vótála a tharla (de réir mar a d'fhógair an Cathaoirleach) agus cibé an letaispeáint lámh nó le vótaíocht a tharla;
- Mionchuntas ar na rúin a rith an chuideachta i.e. cinntí foirmeálta a rinneadh tar éis vótála;
- Síniú Chathaoirleach an bhoird arna dheimhniú gur léargas cruinn na miontuairiscí ar na himeachtaí;
- Ba cheart clár an chruinnithe, mar a scaipeadh orthu siúd a bhí ag teacht i láthair ag an gcruinniú, a cheangal leis na miontuairiscí (ba cheart uimhir, de réir an oird, a lua le gach ábhar ar chlár an chruinnithe de ghrá na héascaíochta ó thaobh tagartha de).





### **Cruinnithe Boird/Cruinnithe d'Fhochoistí an Bhoird**

- Dáta, tráth agus ionad an chruinnithe;
- Ainmneacha na stiúrthóirí agus an rúnaí a bhí i láthair;
- Daoine a chuir leithscéal mar gheall nach bhféadfaidís a bheith i láthair;
- Ainm an té a rinne cathaoirleacht ar an gcruinniú (Cathaoirleach);
- Ainmneacha dhaoine eile a bhí i láthair agus an oifig ina dtáinig siad i láthair;
- Aontú miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo agus aon cheartúchán a iarradh;
- Mionsonraí faoi dhoiciméad nó páipéar ar bith a cuireadh síos lena meas ag an mbord, teideal agus údar dhoiciméad ar bith den sórt sin san áireamh (ba cheart, go ginearálta, na doiciméid seo a scaipeadh roimh an gcruinniú chun deis a thabhairt do na stiúrthóirí staidéar a dhéanamh orthu):
- Mionsonraí faoi rúin a cuireadh os comhair an bhoird le vótáil orthu, ainmneacha na ndaoine a mhol agus a chuidigh leis na rúin san áireamh;
- Mionsonraí faoi aon choimhlint leasa a dhearbhaigh stiúrthóirí agus tuairisc an ndearna siad, mar shampla, séanadh páirt a ghlacadh in aon phlé, staonadh ó aon vótáil a rinneadh nó iad féin a thabhairt ar shiúl ón gcruinniú fad a bhí aon phlé ar an ábhar;
- Ba chóir cuntas a choinneáil ar na tuairimí a chuir gach duine in iúl a labhair agus ábhar á phlé. Cé gur féidir achoimre a thabhairt sna miontuairiscí ar an ábhar a cuireadh i láthair, ba chóir go mbeadh an achoimre sin ina cuntas cruinn ar a raibh á chur in iúl. Sa chás go n-iarrann comhalta den bhord go sonrach go dtugtar miontuairisc ar a ndeir sé nó sí, e.g. sa chás go mbíonn easaontas i gceist, ba chóir cúram faoi leith a dhéanamh dá chinntiú gur cruinn beacht an léargas na miontuairiscí ar an méid a cuireadh i láthair;
- Torthaí aon bheart vótála a tharla;
- Mionchuntas ar na rúin a rith an bord i.e. cinntí foirmeálta a rinneadh tar éis vótála;
- Mionsonraí faoin aon tharmligean údaráis ón mbord le comhaltaí de chuid an bhoird nó le fostaithe e.g. ba cheart go mbeadh tuairisc ar an mbord a údarú do bhall sinsearach den fhoireann seiceanna a shíniú thar a cheann;
- Síniú Chathaoirleach an bhoird arna dheimhniú gur léargas cruinn na miontuairiscí ar na himeachtaí;
- Ba cheart clár an chruinnithe, mar a scaipeadh orthu siúd a bhí ag teacht i láthair ag an gcruinniú, a cheangal leis na miontuairiscí (ba cheart uimhir, de réir an oird, a lua le gach ábhar ar chlár an chruinnithe de ghrá na héascaíochta ó thaobh tagartha de).

### Treoir maidir le Taifid Cuntasaíochta atá le coimeád ag Cuideachtaí

#### Córais Cuntasaíochta

Is iad na taifid cuntasaíochta is lú ar fad ba chóir do chuideachta a choimeád taifead ar fháltais agus ar íocaíochtaí. Ba chóir go mbeadh dhá leabhar á choimeád chuige sin i.e. leabhar na n-íocaíochtaí agus leabhar fáltais.

#### Leabhar Íocaíochta

Ba chóir go mbeadh tuairisc sa leabhar íocaíochta ar na híocaíochtaí ar fad a dhéanann an chuideachta, maille leis an eolas seo a leanas:

- dáta;
- uimhir an seic;
- ainm an íocaí;
- an tsuim;
- ba chóir anailís ar shuim na híocaíochta ansin i ndáil le CBL agus an tsuim gan CBL a áireamh (an tsuim glan) mar ghnéithe faoi leith;
- ba chóir anailís ar an tsuim glan i ndáil le ceann, nó níos mó, de cheannteidil caiteachais réamhshocraithe e.g. solas agus teas, teileafón, trealamh etc.

#### SAMPLA MAIDIR LE LEABHAR ÍOCAÍOCHTAÍ

Dáta	Seic Uimhir:	Ainm an Íocaí	Suim	CBL	Glan	Solas & Teas	Trealamh	Guthán	Tuarastal
1 Aib 17	000215	Electric Ireland	2460	460	2000	2000			
3 Lún 17	000216	Eircom	1230	230	1000		400	600	
5 Noll 17	000217	Mary White	3000	0	3000				3000
	<b>Iomlán</b>		<b>6690</b>	<b>690</b>	<b>6000</b>	<b>2000</b>	<b>400</b>	<b>600</b>	<b>3000</b>

Leagtar amach thuas sampla de leabhar íocaíochtaí ar mhaithe lena léiriú

Is léir ón sampla go bhfuil an t-iomlán maidir leis na colúin anailíse arna n-áireamh le chéile (i.e. Solas & Teas, Trealamh, Guthán, agus Tuarastal), cothrom le hiomlán an cholúin don tsuim glan. Ar an gcaoi chéanna, tá an t-iomlán maidir leis an gcolún 'Glan' móide iomlán 'CBL' cothrom leis an iomlán sa cholún 'Suim'.

Chomh maith lena bhfuil thuas a choimeád, **is den bhunriachtanas** go mbeadh **gach doiciméad** gaolmhar a chuireann bonn faoi sin, e.g. sonraisc, admhálacha, conarthaí agus ráitis ó sholáthraithe, gcoimeád.

#### Leabhar Fáltais

Ba cheart go mbeadh tuairisc sa leabhar fáltais ar na suimeanna ar fad a fhaigheann an chuideachta, maille leis an eolas seo a leanas:

- dáta an fháltais;
- ainm an duine/chomhlachta a rinne an íocaíocht;
- an tsuim;
- ba chóir anailís ar an tsuim ansin i ndáil le CBL agus an tsuim gan CBL a áireamh (an tsuim glan) mar ghnéithe faoi leith;



- ba chóir anailís ar an tsuim glan i ndáil le ceann, nó níos mó, de cheanteidil caiteachais réamhshocraithe e.g. díolachán trádála, ús bainc, díbhinní a fuarthas, etc.

SAMPLA MAIDIR LE LEABHAR FÁLTAS									
Dáta	Ainm	Suim	CBL	Glan	Díolachán Trádála	Ús Bainc	Díolachán Trealaimh	Fáltas ó Dhíbhinní	Lóisteáil
8 Beal 17	J Byrne	4920	920	4000	4000				
9 M. Fo 17	XYZ TEO	12300	2300	10000			10000		17220
3 Noll 17	APB CPT	3000	0	3000				3000	3000
	<b>Iomlán</b>	<b>20220</b>	<b>3220</b>	<b>17000</b>	<b>4000</b>		<b>10000</b>	<b>3000</b>	<b>20220</b>

Leagtar amach thuas sampla de leabhar fáltas ar mhaithe lena léiriú

Arís, is léir ón sampla go bhfuil an t-iomlán maidir leis na colúin anailíse arna n-áireamh le chéile (i.e. Díolachán Trádála, Ús Bainc, Díbhinní a Fuarthas), cothrom le hiomlán an cholúin don tsuim glan. Ar an gcaoi chéanna, tá an t-iomlán maidir leis an gcolún ‘Glan’ móide iomlán ‘CBL’ cothrom leis an iomlán sa cholún ‘Suim’.

Chomh maith lena bhfuil thuas a choimeád, **is den bhunriachtanas** go mbeadh **gach doiciméad** gaolmhar a chuireann bonn faoi sin á choimeád.

#### Doiciméid Bainc

Ba chóir na doiciméid bainc uile a bhaineann le fáltas agus íocaíochtaí na cuideachta a choimeád. Áirítear le doiciméid bainc, mar shampla:

- ráitis bainc;
- duillí seiceanna (a ba chóir a líonadh go hiomlán ceart);
- duillíní lóisteála;
- comhfhreagras ar bith ón mbanc e.g. i ndáil le hiasachtaí etc.

Ní mór suimeanna ar bith atá dlite ón gcuideachta ag deireadh na bliana a ríomh (trí thagairt do na sonraisc atá gan íoc ag deireadh na bliana) agus suimeanna ar bith atá dlite don chuideachta a ríomh (trí thagairt do thaifead ar earraí agus seirbhísí a cuireadh ar fáil agus nach bhfuil íoctha go fóill).

Ní mór luach an stoic atá ar lámh ag deireadh na bliana a ríomh trí thagairt don méid atá ar lámh agus do chostas ceannacháin an stoic sin (nó, sa chás gur ísle sin, don tsuim is féidir a thabhairt isteach trína ndíol e.g. sa chás go bhfuil damáiste déanta dóibh nó iad críonna le himeacht aimsire). D’fhonn méid an stoic atá ar lámh ag deireadh na bliana a dheimhniú, is iondúil go mbeidh sé riachtanach ag an gcuideachta stocáireamh a dhéanamh (a mbíonn iniúchóirí na cuideachta i láthair aige go hiondúil).

Go ginearálta, fágfaidh na taifid thuasluaite a choimeád, maille leis na doiciméid ina leith, go bhfuil dóthain eolais ar fáil chun ráitis airgeadais bhunúsacha a ullmhú. Chomh maith leis sin, is féidir an t-eolas sa cholún CBL sa leabhar fáltas agus sa leabhar íocaíochta a úsáid chun an fhaisnéis atá de dhíth a lua i dtuairisceáin CBL na cuideachta.

Ina ainneoin sin, is córas ríbhunúsach an ceann a leagtar amach thuas agus ní leor é, go ginearálta, chun eolas bainistíochta ar an leibhéal atá de dhíth a chur ar fáil ach amháin i gcás na gcuideachtaí is lú. Sa chás nach leor an córas thuas chun a chur ar chumas na cuideachta agus na stiúrthóirí staid airgeadais na cuideachta a dheimhniú le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith, beidh gá le córas cuntasaíochta níos cóirithe chun dualgais na cuideachta faoin dlí, mar atá taifid cuntasaíochta chuí a choimeád, a chomhlíonadh.





Le córais cuntasáochta níos casta, déantar taifid cuntasáochta breise a choimeád, lena n-áirítear, mar shampla:

- cuntais éagsúla bainc;
- mórleabhar na bhféichiúnaithe (tuairisc leanúnach ar na suimeanna atá dlite don chuideachta);
- mórleabhar na gcreidiúnaithe (tuairisc leanúnach ar na suimeanna atá dlite ón gcuideachta);
- mórleabhar ainmiúil (tuairisc leanúnach ar ioncam, ar chaiteachas, ar shócmhainní agus ar dhliteannais na cuideachta);
- taifid maidir le haistriú stoic i.e. glacadh le stoc agus stoc a sheoladh, aistriú go dtí obair idir lámha agus ón obair idir lámha etc.;
- clár na sócmhainní seasta (tuairisc leanúnach ar shócmhainní seasta na cuideachta, éadail agus diúscairt sócmhainní seasta, dímheas etc.).

Sa chás go gcoimeádtar na taifid cuntasáochta breise seo, bíonn teacht go furasta ar na suimeanna atá dlite ón gcuideachta nó don chuideachta. Is féidir le stiúrthóirí na cuideachta dá bharr sin léargas níos soiléire a bheith acu ar staid chúrsaí airgid na cuideachta dáiríre.

Is iondúil gur ar chóras ríomhaireachta a choinnítear córas cuntasáochta ar bun den chineál a gcuirtear síos air thuas. Tá roinnt pacáistí “réamhchóirithe” ar fáil chun na críche seo. Is féidir de rogha air sin na taifid ar fad a chur isteach de láimh.

### **Córas don Rialachas Inmheánach**

Anuas ar na córais cuntasáochta dá dtagraítear thuas, ba chóir do chuideachtaí córas a bheith ar bun acu don “rialáil inmheánach”, nuair is féidir sin. Níl córas don rialáil inmheánach a chur ar bun de choinníoll faoin dlí, ach is den sárchleachtas é. Bíonn polasaithe agus nósanna imeachta a chur ar bun ag na stiúrthóirí i gceist le córas rialála inmheánach a chur i bhfeidhm d’fhonn freastal do chuspóirí áirithe, mar shampla:

- chun cruinneas na dtairfead cuntasáochta agus na ráiteas airgeadais a chinntiú;
- chun sócmhainní na cuideachta a chaomhnú;
- chun calaois, earráid agus mírialtacht de chineálacha eile a sheachaint.

Mar léiriú, d’fhéadfadh, mar shampla, na nithe seo a leanas a bheith i gceist le nós imeachta rialála:


- cinntiú, nuair is den phraiticiúlacht é, nach dtarlaíonn smacht ag an aon duine amháin ar shraith iomlán idirbheartaíochta;
- cinntiú go mbíonn aontú agus ceadú leordhóthanach maidir le doiciméid agus smacht ina leith;
- cruinneas na huimhríochta sna taifid a sheiceáil;
- cuntais rialála a choimeád e.g. cuntais maidir le féichiúnaithe, creidiúnaithe, CBL, ÍMAT;
- comhardú rialach a dhéanamh go rialta;
- réiteach a dhéanamh go rialta e.g. réiteach maidir le cuntas bainc;
- comórtas idir leibhéal fisiciúil stoic agus an leibhéal sa leabhar agus fiosrú a dhéanamh faoi aon mhír a thugtar faoi deara;
- teorainniú ar an teacht atá ar shócmhainní agus ar thaifid trí, mar shampla, bearta slándála fisiciúla, pasfhocail etc.



### **Comhairle Cúraim**

Tá an treoir a leagtar amach san aguisín seo ginearálta agus níor cheart a mheas gur treoir uilechuimsitheach atá ann. Moltar go tréan do chuideachtaí agus dá gcuid stiúrthóirí comhairle ghairmiúil a fháil ó chuntasóir agus na córais inmheánacha don chuntasaíocht agus don rialáil á gcur ar bun acu ionas go gcinntítear go gcuireann na córais a chuirtear i bhfeidhm ar chumas na cuideachta agus na stiúrthóirí cloí leis na coinníollacha uile faoin dlí ina leith seo.





Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement

*Le haghaidh eolas eile:*

✉ Office of the Director of Corporate Enforcement  
16 Cearnóg Pharnell  
Baile Átha Cliath 1  
Eircode D01 W5C2  
Éire

☎ 01 858 5800  
Íosghlao 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.odce.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil  
An English version of this booklet is available*